


# plean straitéiseach 05-09


Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

# Clár


**BROLLACH** 3

**RÉAMHRÁ** 4

**ROINN 1**
**TIONCHAR CHOMHSHAOIL AR SFAÉ**

**1.1** Treochtaí agus Forbairtí Idirnáisiúnta 6
- Víris/Baictéir/Priain
- vCJD
- Afairíseas na gCealla Dearga
- Fadú Saoil Pláitíní
- Soláthar Feinitíopaí Sínte agus Tíopaí Annamha Fola
- Tástáil don Tréith Chorráncheallach
- Fíochán
- Saotharlann Imdhíoneolaíochta Pláitíní

**1.2** An tSláinte Phoiblí / Beartais Pholaitíochta agus Reachtaíocht Feasta 9
- Leorsholáthar
- Coinneáil Deontóirí
- Soláthar Sábháilte Fola
- Priacal Neamhníoch
- Treoir an AE

**1.3** Gnéithe Socheolaíocha 14
- Déimeagrafaicí Daonra
- Stíl Bheatha
- Brandáil

**1.4** Leasú a Chuimsíonn Athrú Teicneolaíoch 16
- Uathoibriú
- TCF (Teicneolaíochtaí Cumarsáide Faisnéise)
- Feabhsúcháin

**1.5** Tosca Comhshaoil 17
- Bainistiú Dramhaíle
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Caitheamh Fuinnimh
- Pleanáil Spáis agus Tionscadail Tógála
- Féidearthacht
- Seachadadh

**1.6** Cúrsaí Rialúcháin 21
- Dea-Chleachtas Déantúsaíochta
- Athrú Caighdeáin Chuntasaíochta
- Reachtaíocht um Chearta Fostaíochta - Comhpháistiócht Shóisialta

**1.7** Tosca Geilleagracha 23
- Airgeadas Poiblí
- Scéim Phinsin
- Meicníocht Bhuiséadaithe
- Straitéis Phraghsála
- Luach ar Airgead

**1.8** Teacht ar Acmhainní Fostaíochta agus Nádúr na hOibre a Athrú 29
- Pleanáil agus Próifiliú na Foirne
- Cultúr

**ROINN 2**
**TIOMÁNAITHE AN ATHRAITHE**

**2.1** Soláthar Fola 34

**2.2** Priacail 35

**2.3** Treonna Fuilaistriúcháin – sna cúig bliana romhainn 35
- Tástáil
- Tairgeadh
- Forbairti Cógaisíochta - Seachtrach
- Forbairti Cógaisíochta - Inmheánach
- Cleachtas Cliniciúil
- Rialálach

**2.4** Tástáil do vCJD 43

**ROINN 3**
**BUNCHUSPÓIR, STRUCHTÚR AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

**3.1** Ár mBunchuspóir 46

**3.2** Collúin ár Straitéise 46

**3.3** Struchtúr SFAÉ 46

**3.4** Ár gCuspóirí Straitéiseacha 47
- Oiriúnú don Chomhshaol Athraitheach Gnó
- Cáilíocht
- Teicneolaíocht agus Taighde
- Forbairt Eagraíochta

**ROINN 4**
**GNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA AGUS TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA**

**4.1** Colún a hAon – Oiriúnú don Chomhshaoll Athraitheach Gnó 52
- An Roinn Sláinte & Leanaí (RS&L)
- FSS – Clár Athchóirithe Sláinte
- Freastal Deontóirí
- Airgeadúil

**4.2** Colún a Dó – Cáilíocht 54
- Rialúcháin
- Luach agus Feabhsú Leanúnach

**4.3** Colún a Trí – Teicneolaíocht agus Taighde 56
- Eolaíocht & Teicneolaíocht
- Clár Taighde
- TCF mar uirlis chumasaithe
- Rialaitheach
- Tástáil
- Táirgeadh
- Bailiú Fola
- Forbairtí Cógaisíochta
- Cleachtas Cliniciúil

**4.4** Colún a Ceathar – Forbairt na hEagraíochta 60
- Struchtúr
- Bainistiú Acmhainní Daonna
- Cultúr

Brollach



Is cúis áthais dom an Plean Straitéiseach seo a sheoladh. Tá sé tráthúil, i ndáiríre, ár straitéis a leagan amach. Táimid tar éis foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh de bharr na meancóg a rinneadh san am atá thart. Comhshaol athraitheach dúshlánach atá ann anois agus is féidir a bheith cinnte go gcruthóidh an todhchaí castachtaí, dúshláin, agus deiseanna, freisin, de réir mar a nochtann sé.

Cuirfidh an plean seo ár gcomhspriocanna agus ár gcomhaidhmeanna i gcuimhne dúinn i gcónaí, maraon leis na caighdeáin agus na luachanna is gá chun iad a aimsiú. Cuideoidh sé linn a bheith dírithe agus treoróidh sé sinn chun ár mbunchuspóir a chomhlíonadh: fuil agus táirgí fola den chaighdeán is airde a sholáthar d'othair, fad atá riachtanais na ndeontóirí á sásamh agus luach ar airgead á fháil againn.

Ní athróidh eiteas an Phlean sa tréimhse i gceist, ach éileoidh feidhmiú na gcroí-eilimintí ann solúbthacht agus inoiriúnaitheacht. Ní mór dúinn eagraíocht chomhaimseartha fhuinniúil a thógáil agus a chothabháil, agus spreagfaidh agus tacóidh SFAÉ leis an núálaíocht agus cruthaíocht chun seo a chinntiú.

Aithním agus gabhaim buíochas leo siúd uile a bhí páirteach i bhforbairt an Phlean seo agus, anois fós, is iad na daoine, gach duine i SFAÉ, a thabharfaidh saol dó. Beidh toradh rathúil air de bharr na coda a chuir tú féin go pearsanta isteach san iarracht foirne seo, a treisíodh agus a cothaíodh le tiomantas don eagraíocht agus le bród inti.

Léiríonn an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas go bhfuil againn, i dteannta a chéile, na cáilíochtaí agus na cumais is gá chun plé le gach dúshlán agus chun leas a bhaint as gach deis a nochtaítear. Is féidir linn, mar sin, gabháil ar aghaidh le muinín agus tógáil ar a bhfuil gnóthaithe againn go dtí seo. Tá ár bplean straitéiseach againn agus, le cur chuige comhaontaithe, is féidir linn eagraíocht a chruthú a mbeimid uile mórálach aisti.

**Maura McGrath** | Cathaoirleach

# Réamhrá



Is slánchuid de chóras chúram sláinte na tíre seo í Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Tá na héilimh agus na dushláin romhainn ag síorathrú, agus sinn ag iarraidh táirgí teiripeacha, atá chomh sábháilte agus is féidir, a sholáthar d'othair. Le blianta beaga anuas rinne an eagraíocht dul chun cinn suntasach ó thaobh áiseanna, líon foirne, gnáthaimh agus cleachtais, d'fhonn an fhuil, na comhpháirteanna fola agus na táirgí fola is sábháilte a sholáthar d'othair. Tharla seo uile fad a bhí binsí fiosruithe agus ardleibhéil phoiblíochta sna meáin ag cruthú deacrachtaí breise don fhoireann. Caithfear a chinntiú feasta go mbeimid ag tógáil ar an dea-obair a rinneadh le blianta beaga anuas, go mbeimid réidh le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin romhainn agus go bhfanfaimid i dtús cadhnaíochta ó thaobh míochaine aistriúcháin na hEoraipe.

Le roinnt míosa anuas bhí cuid mhaith comhairliúcháin ar bun againn chun Plean Straitéiseach SFAÉ a fhorbairt tréimhse 2005-2009. Ba phróiseas spreagúil é a raibh go leor ball foirne páirteach ann, á chinntiú go sáróimid na dúshláin romhainn agus go mbeimid réidh le seirbhís aistriúcháin den 'chineál is fearr' a thairiscint. Caithfidh an straitéis seo a bheith ina doiciméad 'beo' solúbtha, lena chinntiú go sásóimid éilimh na míochaine aistriúcháin, atá ag síorathrú.

**Andrew Kelly** | Príomh-Fheidhmeannach




plean straitéiseach 05-09

# 01 Tionchair Chomhshaoil ar SFAÉ

## Víris: NAT aondeontóra

Go luath anois beidh an tástáil NAT aondeontóra á cur ar dheonacháin, in áit na modhanna comhthiomsaithe reatha, i dtreo go mbeidh an teicneolaíocht íogair go leor le Heipitíteas B a chumhdach, agus gur féidir tástálacha nua a thionscnamh do víris atá á nochtadh nó seanbhunaithe agus nach bhfuil áirithe faoi láthair sna prótacail thástala: ina measc tá Paraivíreas B19, Heipitíteas A, agus Víreas na Níle Thiar. Is víris a tharchuirtear trí aistriúcháin iad seo agus a iompraíonn ualach íseal de ghalair aistriúchán-tarchurtha; mar sin féin, nuair a bheidh an teicneolaíocht fabhraithe go leor chun tarchur uathu a chosc agus í inoibrithe ag tastáil NAT aondeontóra, tá sé cinnte beagnach go n-athróidh staid na healaíne seo ar shlí a chuimseoidh tástáil dóibh. Ina theanntasan is léir ón luas lenar féidir cosaintí éifeachtacha a thabhairt isteach do WNV i SAM le tástáil NAT aondeontóra gur uirlis chumhachtach í seo chun déileáil le víris atá á nochtadh – rud a bheidh ina fhadhb leanúnach againn feasta.

## vCJD

Cé gur fheidhmigh SFAÉ i gcónaí ar an mbonn go bhféadfaí vCJD a tharchur trí aistriúcháin, deimhníodh le gairid, ar an drochuair, gurb amhlaidh a bhí. Ina theanntasan, tugann an fhianaise le fios gur féidir é a tharchur go han-éifeachtach trí aistriúcháin idir dhaoine. Dá thoradh sin, leathnaíodh iarchur na ndeontóirí a chónaigh sa RA, ag cur san áireamh daoine a chónaigh ann ar feadh bliana nó níos mó.

Cé nár forbraíodh scagthástálacha fós a aimseodh deontóraí fola le vCJD, tá curtha in iúl ag dhá chomhlucht go mbeidh teicneolachtaí aistrithe prian as comhpháirteanna fola ar an margadh i 2005. D’fhéadfadh na hiarrachtaí seo an baol tarchurtha le fuilaistriúchán a laghdú go háisiúil.

### Afairíseas na gCealla Dearga

Is cosúil go mbeidh áirgiúlacht áirithe ag baint le bailiú comhpháirteanna cealla dearga trí afairíseas, ó thaobh costaséifeachta agus a inghlacthacht ag deontóirí. D'fhéadfadh sé, freisin, feabhas a chur ar bhainistiú sholáthar na gcomhpháirteanna de chealla dearga, go háirithe i gcás sain-chomhpháirteanna ar nós na gceall dearg nuabhreithe.

### Fadú Saoil Pláitín

Maireann pláitíní ar feadh 5 lá faoi láthair agus le deanaí thug an FDA ceadúnas le haghaidh mála chun pláitíní a stóráil ar feadh suas le 7 lá, ar choinníoll go mbeidh próiseas cuícheadaithe i bhfeidhm le haghaidh scagtháistáil na mbaictéar. Thionscnaigh SFAÉ scatháistáil bhaictéarach pláitíní i bhFómhar 2004 agus déanfar monatóireacht chúramach ar an ualach baictéarach sna pláitíní d'fhonn a saolré a mhéadú go 7 lá, a luaithe is féidir. Lamhálfaidh seo cur chuige níos solúbtha maidir le soláthar, próiseáil agus comhlíonadh riachtanais na n-ospidéal.

### Soláthar Feinitíopaí Sínte agus Tíopaí Annamha Fola

Tá sé riachtanach go mbeadh feinitíopa sínte agus tíopaí fola annamha á soláthar agus beidh méadú leanúnach ag teacht air seo in Éirinn feasta; ós rud é go bhfuil fuil ón RA faoi amhras breise de bharr a nochtadh do tharchur vCJD, tá sé níos contúirtí fós a bheith ag brath ar an RA don ábhar seo. Dá thoradhsan tá banc fola reoite á athfhorbairt faoi láthair. Tá sé i gceist, freisin, go mbeidh críochaomhnú pláitíní ann feasta agus aonaid uathlógacha ó dheontóirí ard-alóimdhíonaithe.

### Tástáil don Tréith Chorráncheallach

Molann na Treoirlínte le haghaidh aistriúchán nuanáidí agus othair le galar corráncheallach, go roghnófaí an fhuil ó dheontóirí ar deimhníodh gur dhiúltach iad maidir leis an tréith chorráncheallach. Ina theanntasan, nascadh teipeanna leoca-ídithe i gcásanna áirithe le láithreacht Hb AS (tréith chorráncheallach). Mar sin de, tá sé beartaithe scagthástáil a thionscnamh laistigh de shé mhí chun deontóirí a iompraíonn an tréith chorráncheallach a shainaithint.

### Fíochán

Ullmhóidh an SFAÉ plean le haghaidh fhorbairt na seirbhísí fíocháin feasta de réir Threoracha an AE maidir le Fíocháin agus Cealla. Tá an plean seo le ceapadh i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus páirtithe leasmhara eile.

### Saotharlann Imdhíoneolaíochta Pláitíní

Faoi láthair déanann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnachta agus Géineolaíocht Imdhíonachta (NHIRL) tástáil ar shamplaí othar chun neamhord imdhíonachta sna pláitíní a aimsiú.

Is gá sainsaotharlann ar leith a fhorbairt le haghaidh imdhíoneolaíochta pláitíní mar atá déanta ag seirbhísí aistriúcháin eile. D'fhéadfadh an tsaotharlann nua seirbhís thagartha a sholáthar chun imscrúdú a dhéanamh ar NAITP, PTP, dofhloscthacht pláitíní agus neamhoird imdhíonachta eile na bpláitíní. Ina theanntasan dhéanfadh sí feinitíopáil agus géinitíopáil ar dheontóirí agus ar othair, maraon leis na himscrúduithe atá i dtreis i bhfrithghníomhartha aistriúcháin ar nós TRALI agus TAGvHD.

1.2 An tSláinte Phoiblí / Beartais Pholaitíochta agus Reachtaíocht Feasta

**Leorsholáthar**

Is dúshlán deacair roimh sheirbhísí aistriúcháin an domhain é a chinntiú go mbeidh soláthairtí comhsheasmhacha fola agus comhpháirteanna fola ann chun freastal ar riachtanais othair nuair a bheidh siad ag teastáil. Is gá seo a dhéanamh le linn critéir eisiaimh a bheith ag síormhéadú agus an linn deontóirí ag laghdú, toisc na réamhchúram dian sábháilteachta atá i bhfeidhm chun an fhuil a dhéanamh chomh sábháilte agus is féidir d'othair. Sa chomhthéacs Éireannach tugann thart faoi 5% den phobal deonacháin, ach ní thugann ach céatadán an-bheag deonachán rialta. Is é an dúshlán romhainn, go leor deontóirí a earcú in áit na ndaoine atá iarchurtha nó nach féidir leo deonacháin a thabhairt níos mó de bharr an chritéir aoise agus ina theanntasan, na deontóirí atá dílis agus rialta a choinneáil. Bíonn leorsholáthar ag brath, freisin, ar úsáid na fola sa tslí is fearr ag cliniceoirí na ospidéal.

Is féidir tacú leis seo trí straitéisí malartacha ar nós tharrtháil na gceall agus deonachán réamhthaisce. Is gá don SFAÉ ról ceannais a ghlacadh in oiliúint cliniceoirí agus bainc fhola na n-ospidéal faoin úsáid is fearr is féidir a bhaint as fuil, agus an ligean as dáta a tharlaíonn faoi láthair i gcóras na n-ospidéal a laghdú.


## Coinneáil Deontóirí

Is dúshlán don SFAÉ é teacht ar bhealaí le fíordheontóirí a dhéanamh de na deontóirí féideartha agus a chinntiú go leanfaidh na deontóirí láithreacha lena ndeonacháin, ar bhonn rialta.

An eiseamláir a rinne Adam agus Souter (1999) de thuilteanacht daoine deonacháin fola a thabhairt, léiríonn sé go bhfuil céimeanna foghlama i gceist.

### Eiseamláir de Thuilteanacht Daoine deonacháin fola a thabhairt

*Eiseamláir a mholtar den Phróiseas Deonacháin Fola Adam D & Soutar GN Edith Cown University*




Glactar leis go ngluaiseann próiseas na cinnteoireachta ó aithne go feidhmiú go hiompar, agus go bhfuil sé faoi réir ag luachanna, eolas agus dearcadh daoine agus ag na baoil a bhaineann, dar leo, le bheith mar dheontóir fola.

Nuair a tástáladh an eiseamláir, ansin, fuarthas amach go raibh spleáchais bhreise ann a bhain le gnéithe

bundearcaidh. Bhí athsholáthar agus ráthaíocht bainteach le cibé acu a bhrath daoine a fuair fuil gur bhain siad leas as an deonachán agus go raibh dualgas orthu an fhuil sin a athsholáthar. Bhain eagla shíceolaíoch le heagla roimh ospidéil, fuil nó snáthaidí. Bhí gné na mí-áisiúlachta ann a bhain le cúrsaí ama, agus bhain curaimí sláinte le buairt go bhféadfaí HIV a fháil trí fhuil a thabhairt, agus imní ghinearálta faoi shábháilteacht ghnáthaimh na mbanc fola.

Níl amhras ach go bhfuil ráta páirteachais na ndeontóirí ag tuitim le blianta beaga anuas. Luadh cúiseanna seachtracha maiceacraimíocha maraon le cúiseanna inmheánacha leis an tuitim páirteachais seo. Cuimsíonn na cúiseanna seachtracha laghdú ar mhothú freagrachta an phobail (laghdú altrúchais), agus an iomaíocht bhreise le haghaidh aire agus am an deontóra fhéideartha, idir am pearsanta agus am san ionad oibre.

Baineann na cúiseanna inmheánacha le taithí dheonacháin, i gcás go mbíonn ar dheontóirí fanacht rófhada, go n-eisiaítear iad ar bhealach neamhbháúil agus nach mheallann an teagmhas ar fad roinnt deontóirí le teacht ar ais.

Is gá níos mó airde a thabhairt do riachtanais na stíleanna beatha gnóthacha a bhíonn ag deontóirí an lae inniu, d'áisiúlacht, don sorochtain ar eolas maidir le conas, cá háit agus cathain is cóir deonachán a thabhairt, agus do chomhbhá cásmhar i dtaobh a leasa. Is gá teicnící margaíochta sofaisticiúla a úsáid chun teacht ar dheontóirí ionchais, óir meastar gur gá dúinne iad a aimsiú feasta seachas go dtiocfadh siadsan chugainn. Tar éis an achainí is déanaí, léiríodh an t-ionchas seo sa mhéid go raibh súil ag roinnt deontóirí agus deontóirí féideartha go mbeadh clinic dheonacháin ann cois dorais.

Ceann de na modhanna is cumhachtaí le deontóirí a earcú is ea a iarraidh orthu, ina nduine agus ina nduine,

deonachán a thabhairt. Éiríonn níos fearr leis seo má stiúraítear agus má fheidhmítear go háitiúil é. Tá seans níos fearr go bhfreagróidh daoine an t-iarraidh áitiúil ar dheonachán seachas iarraidh ó lárúdarás i gcéin. Tá sé físeor-riachtanach, freisin, go léireofaí meas ar an deontóir fola. Má bhíonn deontóir sásta fanfaidh sé. Bíonn na deontóirí rialta níos sábháilte ná na deontóirí céaduaire, toisc go mbíonn siad níos eolasaí agus gur tástáladh iad go minic cheana. Is lú costais, freisin, a bhaineann le deonachán ó dheontóir rialta. Má mhothaíonn deontóirí fola go bhfuil meas orthu, tá seans ann go gcinnfidh siad breis chúnaimh a thabhairt trí bheith ina ndeontóirí afairéisis phláitíní nó trí dheontóirí eile a earcú.

## Soláthar sábháilte fola

Is gá i gcónaí cothramaíocht a chruthú idir leorsholáthar agus soláthar sábháilte. Tá an plé seo le tarlú ar dhóigh ciallmhar éigin fós ar fud an domhain fhorbartha. An chéad mheicníocht is gá chun sábháilteacht fola agus tháirgí fola a fheabhsú ná deontóirí i gcatagóir an bhaoil a chosc ó theacht isteach sa soláthar fola. Go minic is beag an méadú breise ar shábháilteacht dá bharr, ach cailltear na deontóirí sin ón linn deontóirí gan ceapadh lae nó go deo, fiú. Dá thoradh, freisin, díspreagtar deontóirí eile nó baill den mhórphobal ó bheith ina ndeontóirí nó ina ndeontóirí rialta.

Ní fheidhmíonn SFAÉ ina aonar sa réimse seo, áfach, agus ba chóir dúinn comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú le príomhpháirtithe leasmhara ar nós na Roinne Sláinte & Leanaí, Coistí Aistriúcháin na nOspidéal agus cibé struchtúir a nochfar trí mholtaí Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise Fola agus Chomhaontas Fola na hEorpa.

## Priacal Neamhníoch

Bíonn súil ag an mórphobal nach mbeidh aon phriacal ag baint le fuilaistriúchán. Cosúil le haon idirghabháil mhíochaine eile, áfach, bíonn méid áirithe priacail ag baint le fuilaistriúcháin. Is cuma cé na réimis thástála nó cláir scagthástála deontóirí atá i bhfeidhm, ní féidir a chinntiú go mbeidh an fhuil 100% sábháilte. Ní mór do bhaill an phobail agus do na hothair é seo a thuiscint, ach is mó go mór an buntáiste a bhaineann le fuilaistriúchán nuair a bhíonn sé de dhíth ort ná aon bhaol a bhaineann leis an bhfuilaistriúchán. Cuirtear cuid bhreise le coincheap an bhaoil neamhníoch de barr cinnidh i mBreithiúnas Burton sa RA, inar chinn Breitheamh go héifeachtach gur chóir go mbeadh an tseirbhís fuilaistriúcháin eolach ar aon phriacal atá ann do shláinte othair ó tháirgí a sholáthraíonn siad le haghaidh aistriúcháin.

## Treoir an AE

Tá treoir fola glactha ag an AE a tháinig i bhfeidhm ar an 5ú Feabhra 2005. Leag an treoir seo na caighdeáin síos d'fhorais fola agus aistreofar iad seo chuig dlí na hÉireann. Tá impleachtaí inti freisin do bhainc fola na n-ospidéal, cé nach mbeidh siad seo chomh dian céanna, agus déanfaidh an t-údarás inniúil iniúchadh ar bhainc fola na n-ospidéal don chéad uair dá mbarr, de réir na Treorach. Tá socraithe ag an Rialtas gurb é Bord Míochaine na hÉireann a bheidh mar údarás inniúil. Beidh aguisín teicniúil ann, freisin, ag léiriú an Chórais Cháilíochta d'fhorais fola, agus is gá do gach tír glacadh leis,.

Tá Treoir ón AE freisin maidir le Fíocháin agus Cealla, a bhfuil súil lena teacht i bhfeidhm i 2006 agus a mbeidh

impleachtaí suntasacha léi ó thaobh fheidhmiú fhoireann an fíocháin sa NBC agus an chnámhbhainc san MRTC. Tá an treoir seo á phlé faoi láthair ag an leibhéal náisiúnta, féachaint conas ab fhearr í a fheidhmiú, go háirithe i gcás ospidéal atá i dtreis le fíocháin ar fud na tíre.

## 1.3 Gnéithe Socheolaíocha

### Déimeagrafaicí daonra

Tá daonra na hÉireann, ar nós na coda eile den Eoraip, ag dul in aois, ach ní ag an ráta céanna. Tharla athrú 1% ar aois dhaonra na hÉireann ó dhaonáireamh 1996. Is athrú suntasach é seo agus níl amhras ach go dtiocfaidh éileamh níos mó ar fhuil dá bharr sa 10-15 bliana le teacht. Gné eile de na deimeagrafaicí pobail is ea an ghluaiseacht chuig mórionaid dhaonra, rud a bhánaíonn tiús dhaonra na tuaithe. Ní sholáthraíonn na mórionaid daonra i gcoitinne, in Éirinn nó go hidirnáisiúnta, deonacháin fola chomhréireacha. Mar sin de, d'fhéadfadh comhchruinniú pobail i roinnt lárionad cur isteach ar an infhaighteacht soláthair agus bheadh straitéisí de shórt nua de dhíth chun a chinntiú go bhfaighfí an líon céanna deonachán leis an athrú déimeagrafaíoch.

### Stíl Bheatha

Le borradh an gheilleagair in Éirinn sna cúig bliana seo caite, méadaíodh caighdeán beatha bhunús na ndaoine agus tá níos mó ioncaim roghnaigh acu anois. Dá réir sin, tá níos mó roghanna ar fáil ag daoine maidir le haimsir fóillíochta a chaitheamh, agus leas a bhaint as imeachtaí eile agus a bheith páirteach iontu. Ciallaíonn seo, ar ndóigh, go n-éiríonn imeachtaí deonacha de gach sórt níos neamhthábhachtaí do dhaoine agus go mbíonn níos lú foinn orthu páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo, is cuma cén buntáiste is féidir a fháil astu. Ní eisceacht é an

deonachán fola. Ós cosúil, mar sin, go leanfaidh geilleagar na hÉireann ag fás sa 3-5 bliana romhainn, d'fhéadfadh athrú leanúnach ar stíl bheatha phobal na tíre, go háirithe sa ghrúpa 18-30 bliana d'aois, bac a chur orthu teacht chun cinn mar an chéad ghlúin eile de dheontóirí fola.

Éileoidh seo a mhalairt de straitéisí margaíochta agus de straitéisí a chothóidh feasacht lena chinntiú go mbeidh leorsholáthar ann feasta chun riachtanais na n-ospidéal a shásamh.

### Brandáil

Is gníomhaíocht uathúil do chomhlachtaí margaíochta í feasacht a chothú i leith deonachán fola. Is dúshlán uathúil dóibh é seo toisc shainriachtanais na ndeontóirí agus toisc nach bhfuil spreagthachtaí ann a mhealladh daoine le hiarracht phearsanta a dhéanamh ar mhaithe le daoine eile. Is gá, áfach, go ndéanfaí an foras aistriúcháin a bhunú mar bhranda a thuillfidh dílseacht. Éilíonn seo pleanáil shuntasach agus láimhseáil chúramach íogair, sa dóigh nach mbeidh aon amhras ann faoin staid eiticiúil a bhaineann le deonachán fola nó a áit i gcúrsaí míochaine. Is é an buntáiste a bheidh ag brandáil, go meallfaidh sé daoine ar mhaith leo rud éigin a thabhairt de bharr nádúr an bhranda agus an ceangal atá aige lena bhféinmheas agus lena dtoilteanacht cuidiú le daoine eile. Is coincheap measartha nua a bheidh ann do na seirbhísí fuilaistriúcháin ach ceann arbh fhiú glacadh leis agus é a fhorbairt, lena chinntiú go gceapfaimid an chéad ghlúin eile deontóirí ainneoin na n-éileamh breise ar a gcuid ama fóillíochta agus ar na roghanna atá ar fáil dóibh de bharr an fheabhais ar a gcaighdeáin maireachtála agus stíleanna beatha.

1.4 Leasú a chuimsíonn athrú teicneolaíoch

## Uathoibriú

Tá méadú tagtha ar an uathoibriú laistigh de sheirbhísí saotharlainne, agus i leith bailiúchán áirithe de phláitíní agus chealla dearga. Éileoidh seo meascán nua scileanna san fhoireann agus beidh gráid éagsúla foirne de dhíth lena chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní agus go bhfuil na leibhéil chuí saineolais ar fáil don eagraíocht.

Meastar go dtarlóidh forbairtí suntasacha i gcúrsaí uathoibrithe sa 3 – 5 bliana atá romhainn, ar dhóigh go laghdófar an t-am is gá chun deonacháin a phróiseáil, agus go ndíothófar go leor de na próisis láimhseála atá ann faoi láthair.

## TCF (Teicneolaíochtaí Cumarsáide Faisnéise)

Toisc an cumasc de theicneolaíochtaí ríomhaireachta agus líonraithe atá ar fáil le TCF, tá bealach oibrithe níos éifeachtúla agus níos costaséifeachtaí á thairiscint do ghnóthaí.  Tairgeann sé buntáistí móra trí ghréasán PI (prótacal idirlín) aonair a úsáid, ar féidir leis glór, sonraí, ilmheáin agus físeáin a iompar – iad uile laistigh de chomhshaol daingean. Is uirlis chumasaithe é TCF a ligeann don eagraíocht spriocanna agus cuspóirí a aimsiú trí theicneolaíochta, sa chiall is leithne, a úsáid. Is gá teicneolaíocht chun seirbhísí a sholáthar agus cumarsáid a éascú laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus lena chinntiú go dtiocfaidh, trí bhunteachtaireacht SFAÉ, méadú ar dhílseacht deontóirí agus ar an líon deonachán, agus feabhas ar chomhshaol agus ar choinneáil na foirne. Is uirlis thábhachtach dhiagnóise í, freisin, agus uirlis chun athruithe a fheidhmiú san eagraíocht. Má táimid le luachanna saothair TCF a aimsiú laistigh dár gcomhshaol oibriúcháin, is gá dúinn gach gné di a fhorbairt.

## Feabhsúcháin

Tá an traschur teicneolaíochta fíor-riachtanach, má táimid chun cloí leis an gcleachtas is fearr ó thaobh sheachadadh na seirbhísí aistriúcháin. Is gá a bheith in ann a chinntiú go mbainfimid leas as forbairtí teicneolaíochta chun feabhas a chur ar ár bpróiseas, ar ár ngnáthaimh agus ar shábháilteacht an táirge a sholáthraímid d'othair.

1.5 Tosca Comhshaoil

## Bainistiú Dramhaíle

Tá sé soiléirithe go maith go bhfuil Éire ag caitheamh go gasta an spáis líonta talún a bhí mar réiteach traidisiúnta thar na blianta ar fhadhbanna dramhaíle na tíre. Go dtí seo, bhí an beartas náisiúnta dírithe ar na slánaonaid tráchtála, agus ar mheascán de rialúcháin chomhaill agus d'eacnamaíocht an mhargaidh, d'fhonn déanamh / láimhseáil na dramhaíle a rialú mar a leanas: leis an bprionsabal go n-íocann an truaillitheoir; le táillí líonta talún, an Treoir um Phacáistiú Dramhaíle, bainistiú dramhaíle guaisí, reachtaíocht choiriúlachta i dtaobh neamhniú na reachtaíochta dramhaíle, etc., etc.

Ach, tá réimse bhainistiú na dramhaíle ag éirí níos sofaistiúla. Ní fhéachtar ar dhramhaíl a thuilleadh mar iarsmaoineamh tar éis táirgthe, ach mar réimse ar ghá é a bhainistiú ó thús go deireadh, ón soláthar go dtí an t-iarthomhaltóir. Is iad na ceisteanna is gá a chur; cén fáth a bhfuil an dramhaíl á cruthú againn? Agus conas is féidir í a dhíothú?

Mar a sheasann cúrsaí, géilleann SFAÉ do bhainistiú na dramhaíle agus níl sí ach i dtús fabhraithe i dtreo an chleachtais is fearr. Sa chéad chéim eile lonnófar bainistiú na dramhaíle laistigh den eagraíocht, chun a léiriú go bhfuil díothú dramhaíle mar dhualgas ar chách agus go bhfuil am tiomnaithe ag an mbainistíocht do dhíothú

agus do láimhseáil dramhaíle. Nuair a thiocfaidh deireadh an amchreata d'fheidhmiú an phlean straitéisigh, ní ag géilleadh do rialúchán, amháin, a bheidh an SFAÉ, ach ag léiriú an cleachtais is fearr.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Geallann an SFAÉ comhshaol oibre sláintiúil sábháilte a chruthú agus a choinneáil i ngach Ionad dá cuid. Ní féidir seo a bhaint amach ach le tiomantas gníomhach na bainistíochta agus na foirne.

Tá ár n-áiseanna agus ár bpróisis deartha againn, measúnú priacail déanta agus oiliúint curtha ar fáil againn chun na priacail a bhaineann le hobair a dhíothú. Beimid ag díriú i gcónaí ar leasú sláinte agus sábháilteachta trí Chlár Feabhais Sláinte agus Sábháilteachta a fhorfheidhmiú agus a chomhtháthú.

Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ar Obair, 1989 agus na Rialúcháin a ghabhann leis, tá dualgas cúraim ar SFAÉ comhshaol oibre sábháilte a sholáthar dá fostaithe, conraitheoirí, cuairteoirí agus deontóirí. Cloífidh SFAÉ leis na cleachtais a bhfuil aitheantas náisiúnta faighte acu agus forbróidh sí beartais agus cláir scríofa do shláinte agus shábháilteacht. Chuige seo, tá Máthair-Ráiteas Sábháilteachta scríofa agus glactha ag SFAÉ a léiríonn na socruithe atá i bhfeidhm chun sábháilteacht agus sláinte a chosaint. Luann an Máthair-Ráiteas Sábháilteachta, freisin, conas a aimseofar an cuspóir seo le comhoibriú na foirne.

Tá bainisteoirí freagrach as fhorfheidhmiú na bprionsabal agus na gcleachtas atá neadaithe sa Mháthair-Ráiteas Sábháilteachta. Tá na baill foirne freagrach as sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, laistigh de raon a bpost, agus spreagtar iad le bheith freagrach as a sláinte agus a

bhfolláine féin. Spreagtar an fhoireann, freisin, le páirt agus freagracht phearsanta a ghlacadh i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus le feidhmiú i gcomhar leis an mbainistíocht chun comhall a chinntiú agus feabhsúchán leanúnach a éascú.

Éileoidh feidhmiú an bheartais seo tiomantas buan agus leorsholáthar acmhainní

### Caitheamh fuinnimh

Is iad HVAC (téamh, aeráil agus aeroiriúnú), cuisniú, soilsiú agus iompar, na príomhréimsí caithimh fhuinnimh san SFAÉ. Leictreachas, gás nádúrtha agus díseal na príomhacmhainní fuinnimh a chaitear. Is amhábhar agus forchostas é fuinneamh atá ag éirí níos costasaí in aghaidh na bliana.

Trí dhírialú ar sholáthar an gháis agus an leictreachais do thomhaltóirí na hÉireann ó mhonaplachtaí stáit, tháinig méadú, seachas laghdú, ar chostas an fhuinnimh. Méadaíodh costas na mbreoslaí iontaise de bharr éiginteachta sa soláthar ola. Tá Rialtas na hÉireann ag breithniú “cánachas carbóine” a fheidhmiú feasta chun úsáid na mbreoslaí in-athnuachana nó comhshaoil-chairdiúla a spreagadh.

I gcoitinne, meastar go leanfaidh costas na mbreoslaí ag méadú agus, mar sin, más mian le SFAÉ smacht a choinneáil ar chostais fuinnimh caithfidh sí tabhairt faoi chaitheamh an fhuinnimh a bhainistiú:
- Is gá na mí-éifeachtaí a bhaineann le húsáid fhuinnimh a nochtadh, a cheistiú agus a dhíothú.
- Infheistiú a dhéanamh i dtionscadail le haisíoc fuinnimh de 3-5 bliana.
- Monatóireacht agus díriú ar chaitheamh an fhuinnimh san eagraíocht.

- An bainistiú fuinnimh a phoibliú chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chothú maidir le húsáid fuinnimh.

Seo iad na huirlisí a bhfuil géarghá leo chun caitheamh an fhuinnimh a rialú.

## Pleanáil spáis agus tionscadail tógála

Tráchtearra bisigh is ea an spás. Níl dóthain spáis ag ionaid phróiseála SFAÉ chun fairsingiú éasca nó gasta a dhéanamh. Mar sin de, is gá pleanáil chúramach a dhéanamh feasta i dtaobh riachtanas spáis SFAÉ. Tá sé tábhachtach go mbeadh meascán de spás oifige, clinice, saotharlainne agus próiseála ann. Is gá na riachtanais reatha agus riachtanais feasta a chur san áireamh nuair a bhíonn spás á shannadh.

Tá sé tábhachtach, freisin, a thuiscint go mbíonn na tionscadail a bhaineann le tógáil costasach agus tréimhsí fada réamhoibre i gceist leo. Agus an plean straitéiseach á fhorfheidhmiú, is gá sainaithne a chur ar na cuspóirí a ngabhann iarmhairtí spáis leo, i dtreo gur féidir raon réiteach tógála a phleanáil a luaithe is féidir agus plean forbartha áiseanna a tháirgeadh.

Ní foláir roinnt ceisteanna a chur:

## Féidearthacht

- Ar bhain SFAÉ an úsáid is fearr as an spás atá ar fáil aici anois?
- An gá do SFAÉ breis spáis a fháil?
- Cén méid deartha atá de dhíth?
- An féidir an dearadh a chur i bhfeidhm i gcomhshaol oibre beo?
- An acmhainn don eagraíocht an spás – deis agus airgeadas?
- Cén tionchar a bheidh aige ar réimsí eile oibríochta?

### Seachadadh

Brathann seachadadh na dtionscadal tógála go mór ar mhéid, dhearadh, chastacht agus phróiseas pleanála. Bíonn gach gné de mhórthionscadail faoi thiomáint amsprice, de bharr creata nó prótacail reachtaíochta.

## 1.6 Cúrsaí Rialúcháin

### Dea-Chleachtas Déantúsaíochta (DCD)

Feidhmíonn SFAÉ de réir na ngnéithe uile den chaighdeán Dea-Chleachtais Déantúsaíochta. Baineann seo le pearsanra, oiliúint agus áiseanna. Maidir le háiseanna, ní mheastar go bhfuil an t-áitreabh i gCorcaigh oiriúnach le hoibríochtaí a chur i gcríoch go caighdeáin an DCD. Le forfheidhmiú Threoir an AE agus na gcaighdeán a leagtar síos i dtéarmaí na Treorach sin maidir le háitribh, tharlódh sé go mbeidh deacracht ag áitreabh Chorcaí an caighdeán is gá a bhaint amach.

Ag leibhéal Chomhphobal na hEorpa, tionscnaíodh an obair ar rialú an fhuilaistriúcháin le Conradh Amstardam, a thug sainordú tosaigh don AE  reachtaíocht a rith faoi chúrsaí sláinte poiblí, agus a luaigh go sainiúil fuilaistriúchán agus athphlandáil fíocháin mar réimsí imní den tsláinte phoiblí.

### Athrú Caighdeáin Chuntasaíochta

Foilsíonn SFAÉ a cuntais bhliantúla de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá leagtha síos. Bíonn na caighdeáin seo á síor-athbhreithniú i bhfianaise cleachtas agus teaghmas reatha. Anois agus arís tionscnaítear caighdeáin nua a mbíonn tionchar acu ar fholláine airgeadais na heagraíochta. Ceann de na caighdeáin seo is ea an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 17, a shocraíonn conas cuntas a thabhairt i sainscéimeanna pinsin, i gcuntais bhliantúla na slánaonad. Cuireann sé roimhe

léiriú a thabhairt ar na dliteanais a fhéadfaí a fhabhrú don chiste agus ar conas is féidir leis an gciste na dliteanais a ghlanadh.

D'fhéadfadh an ciste na dliteanais fhabhraithe a ghlanadh, nó gan iad a ghlanadh, de réir na straitéise infheistíochta, tosca reatha an gheilleagair agus aisíocaíochtaí an stáit ón margadh infheistíochta.

Dá dteipeadh air iad a ghlanadh bheadh an t-easnamh mar mhuirear ar chuntas ioncaim agus caiteachais an tslánaonaid don bhliain. Ag brath ar mhéid an easnaimh, d'fhéadfadh mórdheacrachtaí maoinithe a bheith ann don slánaonad. Maidir le SFAÉ, bheadh an tionchar ag easnaimh dá shórt ar mheicníocht an mhaoinithe ag brath ar chur chuige na Roinne Sláinte agus Leanaí i leith fhorfheidhmiú na riachtanas faisnéisithe.

## Reachtaíocht um Chearta Fostaíochta – Comhpháirtíocht Shóisialta

Is iad príomhchuspóirí na reachtaíochta um chearta fostaíochta, fostaithe a chosaint in aghaidh iompair dhírialta ag fostaitheoirí, sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint agus beartais phearsanra a chothú a íoslaghdaíonn easaontas agus a uasmhéadaíonn cothroime.

Le blianta beaga anuas, d'éascaigh cur chuige na comhpháirtíochta sóisialta an t-athrú ó chaidreamh tionsclaíoch traidisiúnta na sáraíochta go cur chuige a dhíríonn níos mó ar chaidreamh le fostaithe agus ar úsáid meicníochtaí agallaimh agus cuimsitheachta chun comhshaol oibre níos fearr a chruthú.

Déanann SFAÉ, mar fhostaitheoir, tréaniarracht ar mhaithe le comhshaol níos cuimsithí a aithníonn ilghnéitheacht tuairimí agus a iarrann inchur ó pháirtithe

leasmhara. Toisc gur gá glacadh le hathruithe reachtaíochta, cuirtear ualach suntasach ar an bhfeidhm AD, ach éilíonn sé seo cur chuige chomh tiomanta céanna ó cheannaireacht na gceardchumann, lena chinntiú go léireofar trí bheartais agus ghnáthaimh SFAÉ na cearta a luaitear sa reachtaíocht.

Is gá go bhféachfadh cách ar fhorbairt an Fhóraim Chomhpháirtíochta mar bhealach chun comhshaol oibre níos fearr a chruthú inar féidir le SFAÉ fás agus forbairt.

## 1.7 Tosca Geilleagracha

### Airgeadas Poiblí

Tá airgeadas an Státchiste go daingean faoi láthair, agus fanfaidh sé amhlaidh sa todhchaí intuartha, ar choinníoll go gcoinneoidh an Rialtas an caiteachas poiblí ag leibhéil chuí agus go nasctar aon chomhaontaithe nua pá le táirgiúlacht bhreise trí nuachóiriú follasach a dhéanamh ar sheirbhísí.

Ba chóir go gceadódh an bonn daingean airgeadais seo caiteachas breise ar chúram sláinte, le béim ar rochtain níos fearr, idirghabháil níos tráthúla agus laghdú suntasach ar an tréimhse feithimh do ghnáthaimh mháinliachta.

Ach na príomhchinntí a rialaíonn cumas iomaíochta agus na tosca áitiúla a bheith fabharach, tríd is tríd, d'fhéadfadh an geilleagar leanúint ag bisiú i mbliana agus sa bhliain atá romhainn. D'fhéadfadh fás 3.5% a theacht ar an OTN (GNP) i 2004 agus é a bheith thar 4% i 2005. Ag an bpointe seo tá cosúlacht ann go mbeidh rátaí fáis de thart faoi na figiúir seo ann sa todhchaí intuartha, ar choinníoll go gcothaíonn an Rialtas aoráid bhaile atá fabharach.

Ceann de na deacrachtaí is suntasaí romhainn is ea an t-

ardú leanúnach ar chostas amhola, a bhfuil tionchar suntasach aige ar rátaí boilscithe ar fud an domhain fhorbartha. Tá an chosúlacht ann go bhfeicfear ardú leanúnach sna blianta romhainn ar na costais a bhaineann le breosla lachtaigh, bainistiú dramhaíle, soláthar uisce agus seirbhísí ilghnéitheacha, agus go gcuirfidh sin go mór leis an ualach ar ár mbonn costais, rud a mbeidh tionchar aige ar an meicníocht mhaoinithe agus an straitéis praghsála atá againn.

Beidh tionchar, freisin, ag sláinte an airgeadais phoiblí ar an tslí ina gcaithfidh daoine a gcuid ioncaim roghnaigh, agus ar an ngaol idir thoilteanacht daoine deonachán a thabhairt nuair atá breis saoirse acu agus deiseanna chun a n-ioncam roghnach a chaitheamh.

Bíonn cur isteach áirithe ar dheonacháin fola sna cúinsí sin agus, dá réir sin, beidh straitéisí nua ag teastáil a fhógróidh don phobal ar bhonn leanúnach gur gá cuidiú le daoine atá faoi mhíbhuntáistí agus gur gníomh sibhialta dáiríre é deonachán fola a thabhairt.

Ó thaobh na fostaíochta de, ciallóidh sé, i gcás an airgeadais phoiblí, go mairfidh an t-ardleibhéil fostaíochta agus go mbeidh deacracht ann faoin soláthar oibreoirí, sa dóigh go mbeidh iomaíocht láidir ann chun na céimithe agus an fhoireann oilte is fearr a mhealladh.

**Scéim Phinsin**

Is ualach suntasach ar airgeadas SFAÉ é gur gá di a chinntiú go bhfanfaidh an scéim phinsin, ar sainscéim leasa í, sóchmhainneach. Idir 2002 agus 2003 infheistíodh cnapshuim de ¤5.5 mhilliún sa chiste pinsin maraon leis an ardú 5% a cuireadh ar ráta síntiúis an fhostaitheora. Is léir nach bhfuil an leibhéal infheistíochta seo

inbhuanaithe feasta mar chostas ioncaim nó chostas aonuaire. Ar an dea-uair, bhí ar chumas SFAÉ cnapshuim mhór a infheistiú chun an t-easnamh sa scéim a ghlanadh, agus bhí an t-achtúire in ann deimhniú sóchmhainneachta a thabhairt i leith na scéime do 2003. Leis an mbrú leanúnach ar mhargaí infheistíochta, áfach, agus an ráta ag a bhfuil an boilsciú pá ag tarlú, is léir go mbeidh éilimh dhosheachanta amach anseo ar infheistíocht bhreise, i bhfoirm cnapshuime agus costais ioncaim. Mar sin de, tá sé stuama athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim agus a chinntiú go meallfaidh sí fostaithe chuig SFAÉ i gcónaí, in áit luach níos lú a bheith léi d'fhostaithe ionchais ná atá ag scéimeanna ár n-iomaitheoirí.

### Meicníocht Bhuiséadaithe

Tionscnaíodh próiseas buiséadaithe laistigh den eagraíocht ceithre bliana ó shin nuair a tugadh faoi deara go raibh easnamh géar ar fhaisnéis agus ar mhaoiniú an airgeadais. D'éirigh leis na buiséid i SFAÉ ar dhá bhealach; mhéadaigh siad feasacht airgeadais na mbainisteoirí go hinmheánach, agus bhí tionchar seachtrach acu ar ár mbeartas praghsála. Ar ndóigh, is mó go mór ná próiseas airgeadais é an buiséadú. Is é an gliú a tháthaíonn córas uile na bainistíochta le chéile, ó straitéis agus pleanáil, bhainistiú acmhainní agus costas, go tomhas.

Tá cuid mhaith beachtaíochta déanta ar an mbuiséadú traidisiúnta le blianta beaga anuas, ar nós:

> Is beag ciall atá le spriocanna seasta airgeadais a cheapadh agus feidhmíocht a thomhas ina n-aghaidh, nuair atá an comhshaol ina bhfeidhmímid ag síorathrú.

> I gcás tomhais thraidisiúnta, cuirtear an bhéim ar theagmhais atá thart agus ar rialú na feidhmíochta de réir buiséid réamhcheaptha.

> D'fhéadfaí a thabhairt le fios go bhfuil bainistiú teann ar bun trí chostais a rialú leis an mbuiséid, ach le fírinne d'fhéadfadh sin bac a chur ar bhainisteoirí na ceisteanna fíorspéisiúla a chur a mbeadh ní hamháin rialú costas ach laghdú costas, freisin, mar thoradh orthu.
> Spreagann siad smaointe breisíocha agus claonadh chun uasteorainn a chur le hionchais fáis agus íosteorainn le laghduithe costas, rudaí a chuireann bac ar an bhfíorfheabhsú a bhaint amach.
> Teipeann orthu déileáil le bunús na nithe tábhachtacha a thiománann na luachanna ag páirtithe leasmhara. Is sóchmhainní iad brandaí láidre, daoine oilte, sárphróisis bhainistíochta, ceannaireacht láidir agus custaiméirí dílse (nó, inár gcásna, deontóirí), nach bhfuil sé ar chumas an chórais chuntasaíochta iad a thomhas.

Tá sé fíor-thábhachtach go mbeidh an próiseas buiséid againn oiriúnach don chomhshaol ina mbeimid ag feidhmiú le linn saolré an phlean straitéisigh. Beidh ról ag an mbuiséad i gcónaí i bpleanáil don todhchaí; ach ní cóir féachaint air ach mar chuid den phlean. Ní cóir go mbeadh sa bhuiséad ach an plean straitéiseach don bhliain, i bhfoirm sonraí airgeadais. Ach is gá straitéisí agus pleananna nua a eisiúint de réir mar a bhíonn eolas nua á nochtadh. B'fhéidir gur gá réamhfhaisnéisí rollacha feasta a mbeidh fíorthorthaí á dtuairisciú do bhainisteoirí ina n-aghaidh go rialta, e.g., go ráithiúil.

Is cóir fócas na bainistíochta a aistriú ó chostais go luachanna. Ba chóir di díriú ar an todhchaí, agus a chinntiú go gcuirfear na ceisteanna cearta agus go ndéanfar na cinntí a mbeidh an t-uasluach fadtéarmach ag gabháil leo. Go minic chiallódh seo, go simplí, ceist a chur faoin gcúis a ndéantar gníomhaíochtaí áirithe, ach d'fhéadfaí cur chuige níos córasaí a aimsiú trí bhainistíocht ghníomhbhunaithe a thionscnamh. Is cóir gach gníomhaíocht a chur faoi thriail luachála, is é sin,

féachaint an gcuireann sé le luach táirgí, custaiméirí, nó le riachtanais straitéiseacha eile an ghnó.

Is gá an fócas a athrú ó theagmhais atá thart go torthaí le teacht. Is cóir bearta a dhíorthú ó straitéis, trí na príomhthiománaithe feidhmíochta a shainaithint. Bíonn gaol acu, freisin, le hiomaitheoirí seachtracha agus inmheánacha agus bíonn níos mó éifeachta leo má phléitear agus má aontaítear iad ag leibhéal an aonaid oibriúcháin nó na foirne. Dá laghad iad na bearta is ea is fearr é – ní gá do bhainisteoirí ach na príomhtháscairí feidhmíochtaí (KPIs) is práinní a fheiceáil. Táimid ag caint ar dhea-chóras scórchártaí a thugann rabhadh luath don bhainisteoir má tá na torthaí as alt.

## Straitéis Phraghsála

Faoi láthair socraítear straitéis phraghsála SFAÉ trí idirbheartaíocht leis na Roinn Sláinte agus Leaní maidir le comhpháirteanna fola agus táirgí fola. Díoraítear í ó scrúdú ar riachtanais búiséid SFAÉ maidir le seirbhísí reatha a choinneáil, agus soláthar a dhéanamh d'fhorbairtí chun soláthar na míochaine aistriúcháin in Éirinn a fheabhsú. D'fhéadfadh na forbairtí seo a bheith i bhfoirm tástálacha breise, forbairt áiseanna nó tionscnaimh eile a d'éileodh daoine agus trealamh araon. Ar feadh na mblianta bhí ár mbeartas praghsála bunaithe go tútach ar chostais bhreisíocha a scaipeadh thar na táirgí agus na seirbhísí uile. Ní dhearnadh praghsáil chruinn ar tháirgí dá thoradh seo agus le fírinne chothaigh sé an staid reatha ina bhfuil ró-iontaoibh le himeachtaí mórdhíola chun táirgí agus seirbhísí eile a fhóirdheonú. Le blianta beaga anuas rinneadh iarracht ár struchtúr praghsála a dhíchuachadh agus na táillí dár dtáirgí agus seirbhísí a athailíniú le praghsanna eacnamaíocha. Le seo a fhorbairt a thuilleadh, is gá obair mhór a dhéanamh chun lántuiscint a fháil ar na costais agus ar an mbunús atá leo. Is cóir costáil

ghníomhbhunaithe a thionscnamh chun na costais agus na gníomhaíochtaí atá á dtiomáint a shainaithint. Is cóir go n-aithneofaí, freisin, (i) imeachtaí neamh-bhreisluacha agus na costais a bhaineann leo agus (ii) imeachtaí nach ngineann ioncam. Costáil chruinn ar tháirgí agus ar sheirbhísí a bheidh ann dá bharr. Tá sé tábhachtach go mbeidh an fhaisnéis seo ar fáil sul a mbeidh idirbheartaíocht ann leis an Roinn Sláinte agus Leanaí / Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte maidir le beartais phraghsála feasta. Tá sé bunúsach go mbeidh an fhaisnéis ón gcostáil ghníomhbhunaithe ar fáil agus tuigthe ag an mbainistíocht sula ndéanfar aon bhearta tagarmharcála.

## Luach ar Airgead

Leis na héilimh mhéadaithe atá ar airgead poiblí, agus go háirithe i réimse an chúraim sláinte, beidh gá táirgí agus seirbhísí a sholáthar laistigh de chreat an luach ar airgead. Beidh seo riachtanach, ach go háirithe, nuair a dhéanfar SFAÉ a chomhtháthú le Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, agus a mbeimid in iomaíocht d’acmhainní le córas na n-ospidéal agus le soláthróirí sláinte eile. Tugann meicníocht an tsoláthair phoiblí, lena mbronntar gach mórchonradh, cosaint áirithe trína chinntiú gurb í an tairiscint is mó leasa gheilleagraigh a ghlactar le haghaidh táirgí agus seirbhísí. Ní hionann seo agus a rá go nglactar i gcónaí leis an tairiscint is saoire, óir is gá gach critéir eile a chur san áireamh lena chinntiú go mbeidh cur chuige cothrom ann maidir le tairiscintí ar tháirgí agus ar sheirbhísí a ghlacadh.

Is gá a chinntiú i gcónaí go gcaitear airgead an cháiníocóra ar na bearta cuí agus le fealsúnacht an luach ar airgead, d’fhonn buntáistí níos fearr a aimsiú dóibh siúd a bhaineann leas as na seirbhísí atá againn.

Cé gur deacair tagarmharcáil idirnáisiúnta a dhéanamh, is gá dúinn eiseamláir a fhorbairt a thabharfaidh an t-

eolas is gá dúinn lena chinntiú go bhfuil ár mbonn costais ag teacht lena bhfuil ag comparáideoir cuí.

## 1.8 Teacht ar Acmhainní Fostaíochta agus Nádúr na hOibre a Athrú

Fad atá an margadh saothair ag cúngú, tá neart deacrachtaí ann a chinntiú go mbeidh leorsholáthar fostaithe ar fáil chun ár gcuspóirí a aimsiú. Tarlaíonn na deacrachtaí gannfhoirne seo de bharr teaglaim tosca lena n-áirítear:

- Iomaíocht ó na hospidéil i leith go leor dár ngráid foirne, lena n-áirítear saineolaithe altranais agus saotharlainne. Meastar go méadóidh seo de réir mar a mbeidh iallach ar eagraíochtaí na Rialúcháin Fola a thiocfaidh ón AE a chomhlíonadh.
- Rátaí an Mhargaidh: Is comhlucht san earnáil phoiblí sinn agus cuirimid i bhfeidhm rátaí pá na hearnála poiblí, atá iomaíoch iontu féin. Ach táimid teoranta ag an rial go gcaithfidh fostaí nua tosú ag an gcéad incrimint mura bhfuil taithí ábhartha san earnáil phoiblí aige/aici.
- Déimeagrafaicí: Tugann taighde le fios go bhfuil fostaithe óga ag lorg ilghnéitheacht ina gcuid oibre agus go n-athraíonn siad poist go minic chun sin a aimsiú. Mar sin de, baineann coinneáil foirne le hábhar.
- Stair: Níl amhras ach gur thug garstair SFAÉ ar dhaoine áirithe fostaíocht anseo a sheachaint.
- Suíomh: De bharr na n-ardchostas maireachtála i mBaile Átha Cliath agus an ama taistil i gceist, lorgaíonn go leor oibrithe fostaíocht atá níos gaire don bhaile.
- Solúbthacht: Tá práinn ama ag baint le bailiú agus

próiseáil fola agus is gá a chinntiú go bhfuilimid réidh le fuil a bhailiú nuair is oiriúnaí é don deontóir agus í a phróiseáil faoi dhithneas chun go mbeidh sí ar fáil d'othair a bhfuil sí de dhíth orthu. Chun na riachtanais seo a fhreastal, bíonn iallach ar an bhfoireann oibriú le linn uaireanta agus sealaíochtaí ilchineálacha. Ní oireann sealaíochtaí dá leithéid d'an-chuid fostaithe féideartha.

### Pleanáil agus Próifíliú na Foirne

Chun ardchaighdeán cúraim agus táirgí a sheachadadh, is gá go mbeadh na leibhéil chuí foirne, an meascán scile is fearr agus cleachtais éifeachtacha agus éifeachtúla ag an eagraíocht. Mar sin de, is mó atá i gceist le pleanáil foirne ná réamhaisnéis ar na riachtanais foirne feasta d'fhonn ganntanais a sheachaint. Baineann sé, freisin, leis an meascán scile agus inniúlachta is gá chun straitéisí an todhchaí a chinneadh. Bíonn tionchar ag síorathruithe leanúnacha sa mhíochaine, ag déimeagrafaicí na hÉireann agus ag úsáid na teicneolaíochta, ar phleanáil agus ar phróifíliú rathúil na foirne.

### Cultúr

Tá ár gcultúr comhdhéanta de na luachanna agus na bealaí iompair idirnasctha sin lena shainítear SFAÉ. Forbraíodh iad seo thar thréimhse agus is iad is bonn leis na treisí atá againn ó thaobh feabhais theicniúil, cáilíochta agus sábháilteachta. Ach is féidir le cultúr corpartha éirí chomh fite fuaite sin go dtugann siad ar eagraíochtaí a bheith ag féachaint siar, dírithe isteach orthu féin agus iad mall chun freagairt don chomhshaol atá ag athrú thart orthu.

Aithnímid go n-éileoidh na hathruithe a iarrtar sa cháipéis

straitéise seo cultúr atá níos oiriúnaithí, agus malairt luachanna agus noirm iompair ar fud na heagraíochta. Ní cuí leanúint ag feidhmiú feasta ar dhóigh áirithe toisc gur mar sin a bhí cheana. Ó lár na 1990í bhí an easpa seasmhachta agus leanúnachais i bpost an ardbhainisteora ag goilliúint ar an eagraíocht. De bharr feiniméin seo an tsíorathraithe, ní raibh an cheannaireacht is gá ag an eagraíocht chun maoirsiú a dhéanamh ar athruithe cultúir agus córas luachanna san eagraíocht. Na hathruithe atá á mbeartú sa straitéis seo, ní den chineál 'seo nó siúd' iad, ach 'níos lú nó níos mó'.

| | | |
|---|---|---|
| Coimeádach | > | Oiriúnaitheach |
| Indíritheach | > | Eisdhíritheach |
| Duine Aonair | > | Foireann |
| Bainistíocht | > | Ceannaireacht |
| Teidlíocht | > | Saothraithe |
| Ról/stádas | > | Feidhmíocht |
| Maorlathas | > | Gnóthúil |

Is mó ábhar ratha a bhí ag SFAÉ sna cúig bliana atá caite ach ba léir, freisin, drugall ar dhaoine glacadh le bealaí nua smaoinimh agus in easnamh easaontais tionsclaígh nó seasaimh sáraíochta. Is gá dúinn gnéithe áirithe dár gcultúr a athrú agus is amhlaidh, freisin, dár gcumas ó thaobh bhainistiú an athraithe. Is féidir foghlaim conas meas a bheith againn ar an athrú agus é a bhainistiú mar ghnáthchuid de shaol na heagraíochta.






# 02 Tiománaithe an Athraithe

## 2.1 Soláthar Fola

Is léir gurb é an dul chun cinn is tábhachtaí a rinneadh le 50 bliana anuas ná an t-athrú i leith sholáthar deonach na fola. Nuair a rinneadh an t-athrú seo bhí an ceistneoir deontóra measartha simplí, bhí eolas faoi ghalair a tharchuirtear le haistriúcháin teoranta agus ba bheag tástálacha a bhí ann le haghaidh marcóirí infhabhtaíochta. Ach tá dúshláin dhifriúla romhainn anois, nuair atá an soláthar fola á fháil ó dheontóirí a cheistítear go dian, a chuirtear siar má bhíonn an baol is lú ann agus a scagthástáiltear le trialacha an-íogair chun na galair is mó a tharchuirtear le haistriúcháin a aimsiú. Fad a bhí na hathruithe seo ag tarlú, mhéadaigh an t-éileamh ar fhuil agus táimid anois sa dóigh gur soláthar imeallach, den chuid is mó, atá againn d'fhuil fíorshábháilte.

Tá brú suntasach ar na seirbhísí aistriúcháin, mar sin, glacadh le straitéisí nua a mheallfaidh deontóirí nua agus a choinneoidh na seandeontóirí ar bhonn rialta, d'fhonn leorsholáthar a chinntiú. Is gá comhiarracht ó fhoireann mhíochaine, theicniúil agus thúslíne na clinice, maraon le tacaíocht agus cur chuige onnghníomhach ón bhfoireann a soláthraíonn deontóirí, chun go mbeidh leorsholáthar fola á choinneáil againn. Trí chomhiarracht na ngairmithe seo ar fad beidh soláthar buan sábháilte fola ar fáil d'othair ag an am agus san áit a dteastaíonn sin uathu. Is gá straitéisí a fhorbairt ag gach leibhéal agus i ngach ceann de na réimsí seo a chinnteoidh go mbeidh cur chuige comhtháite ann agus go gcoinneofar leorsholáthar fola, faoi réir an chleachtais is fearr maidir le hearcú deontóirí, scagthástáil deontóirí agus córais reatha.

## 2.2 Priacail

Chríochnaigh an eagraíocht measúnú ar phriacail le déanaí agus shainaithin sí na mórphriacail a fhéadfadh cur isteach ar an gcomhshaol oibríochtúil. Rangaítear na priacail sin mar a leanas:

*Straitéiseach, Oibríochtúil, Cliniciúil, Airgeadúil agus Clúbhainteach*

Measúnaíodh tionchar agus dóchúlacht gach mórphriacail agus sainaithníodh rialúcháin choisctheacha agus theagmhasacha. Ceapadh plean gníomhaíochta chun déileáil leis na priacail seo agus sannaíodh an fhreagracht ina leith. Beidh bainistiú priacal mar shlánchuid d'eiteas bainistíochta na heagraíochta agus beidh sé “mar a dhéanaimid ár ngnó”.

## 2.3 Treonna Fuilaistriúcháin – sna cúig bliana romhainn

Na fachtóirí arbh féidir tábhacht straitéiseach a bheith leo sna cúig bliana romhainn, d'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil siad cheana ag an staid fhorbartha ina bhféadfaí iad a aithint, fiú muna bhfuil a gcúrsa forbartha agus a dtionchar intuartha go cruinn. Is féidir mórábhair ar nós neamhghníomhachtú pataiginí agus NAT don deontóir aonair a mheas le muinín áirithe; bheadh níos lú cinnteachta maidir le hionadú pláitíní le cógaisí malartacha, éilimh ar chealla dearga níos úire nó athruithe eile cleachtais. D'féadfadh tionscnamh agus tionchar na tástála chun galair phriain a aimsiú i ndeontóirí, a bheith ar an teagmhas is éilithí a tharlódh sna cúig bliana romhainn, agus déantar scrúdú ar leith uirthi siúd.

## Tástáil

| | |
|---|---|
| **Forbairt** | **Tástáil NAT aondeontóra do ghalair reatha nó do ghalair atá á nochtadh.** |
| *Príomhghnéithe* | Is cosúil go mbeidh na forbairtí tástála do ghalair nua mar WNV agus galair artrapód-iompartha le heipidéimeolaíocht athraíoch ag díriú ar thástáil NAT aondeontóra; ina theanntasan, forbrófar tástálacha do ghalair láithreacha i gcosúlacht NAT aondeontóra – heipitíteas B, Parvaivíreas B19, CMV. Glacfaidh seo, freisin, áit NAT taiscthe le haghaidh HIV agus HCV. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Laistigh de 5 bliana; an-dóchúil. |
| **Forbairt** | **Teicneolaíocht an bhosca dhuibh a fhorbairt do thástáil NAT.** |
| *Príomhghnéithe* | Tá innill a laghdaíonn riachtanas láimhe NAT sa phíblíne le tamall; mórdhúshlán innealtóireachta é ar theip air roinnt uaireanta a gheallúint a chomhlíonadh. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Seans nach sroichfidh sé an margadh i bhfoirm tathagach laistigh de 5 bliana; ach is fiú fanacht go bhfeicfimid. D'fhéadfadh an tionchar eacnamaíoch a bheith neodrach má bhíonn sábháil foirne ann dá bharr. Ba chóir sin a chur san áireamh sna conarthaí le soláthróir NAT. |

## Táirgeadh

**Forbairt** — **Déantús Comhpháirteanna Róbatacha.**

*Príomhghnéithe*

Tá gairis a dhéanann nascadh, scagadh agus deighilt i gcóras iata faoi ardchéim fhorbartha. Tá an dóchúlacht ann go mbeidh siad i ngnáthúsáid in ionaid fola faoi dheireadh na gcúig bliana atá romhainn.

*Amscála/ Céim Mhuiníne*

Tá sé réasúnta dóchúil (ba chóir smaoineamh ar iad a chur san áireamh i bpleanáil foirgneamh nó conarthaí nua) go mbeidh siad ann i gceann trí go ceithre bliana.

**Forbairt** — **Díghníomhú Pataigíní.**

*Príomhghnéithe*

Teicneolaíocht éilitheach í seo ar deacair di inghlacthacht rialaitheach agus suíomh margaidh a bhaint amach. Tá nó bhí trialacha cliniciúla ann i gcás roinnt modhanna. Bunófar í ar deireadh, ach tharlódh go nglacfaidh sin níos mó ná na cúig bliana atá romhainn.

*Amscála/ Céim Mhuiníne*

Dóchúil. Ba chóir go ndéanfaí soláthar dó i bpleananna tógála; is cosúil go mbeidh sé ann roimh aistriú prian.

| | |
|---|---|
| **Forbairt** | **Aistriú Prian.** |
| *Príomhghnéithe* | Tá súil ag na déantúsóirí agus ag foinsí i Roinn Sláinte an RA go mbainfidh dhá mhodh éagsúla faomhadh rialaitheach agus inmhargaíocht amach i 2005. Tiocfaidh sin roimh thástáil deontóirí do vCJD. Tá cosúlacht ann go molfaidh na comhairleoirí, MAC go nglacfar leis agus go dtacóidh an coiste comhairleach CJD leis nuair a bheidh sé ar fáil. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | An-dochúil; áireofar é i measc moltaí buiséid 2005. Nuair a bheidh inneall táirgeachta agus plean ar fáil ó na déantúsóirí, forbrófar, a luaithe is féidir, na tionchair a bheidh aige ar shreafa oibre táirgíochta, ar riachtanais an eastáit réadaigh agus ar an líon foirne. Ní cosúil go mbeidh mórán tionchair aige lasmuigh den táirgeadh. |
| *Bailiúchán* | Is cosúil go gcuimseoidh straitéisí deonacháin an méid seo a leanas: |
| **Forbairt** | **Bailiúchán inneallbhunaithe breise de phláitíní, leocaicítí agus cheala dearga.** |
| *Príomhghnéithe* | Éileamh breise ar phláitíní trí afaraíseas agus éileamh breise ar leocaicítí, de réir mar a chumasófar an teicneolaíocht chun éifeacht na míochaine seo a fheabhsú nuair atá úsáid chliniciúil á baint aisti; |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | An-dóchúil. Is féidir an leibhéal riachtanais a mhéadú ar bhonn bliantúil. |

| | |
|---|---|
| **Forbairt** | **Gnáthaimh shimplithe chun lánfuil a bhailiú, maraon le déantús comhpháirteanna róbatacha.** |
| *Príomhghnéithe* | Mála aonair a úsáid do gach bailiúchán – simplíonn sé loighisticí go mór ag leibhéal na clinice. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Cosúlacht réasúnta ann gur gá smaoineamh ar na riachtanais i leith málaí a shainiú i gceann trí bliana. |
| **Forbairt** | **Úsáid a bhaint as an bpobal deonacháin altrúíoch le haghaidh acmhainní sláinte breise – faisnéis ghéiniteach, faireachas ar shláinte poiblí, cógaisí innealtóireacha.** |
| *Príomhghnéithe* | Tá cosúlacht ann go bhforbrófar an ghéinimíocht dhaonra in Éirinn mar uirlis don phleanáil shláinte; ina theanntasan d'fhéadfadh an t-altrúchas sochaíoch uirlis úsáideach a sholáthar chun míochainí géine agus míochainí ceallbhunaithe a fhorbairt. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Iarrfar an an SFAÉ tacú le bunú bainc náisiúnta géine laistigh de bhliain nó mar sin – ní cosúil go mbeidh mórán tionchair aige seo lasmuigh den tionscadal féin le linn na gcúig bliana atá romhainn. |

## Forbairtí Cógaiseolaíochta – Seachtrach

| | |
|---|---|
| **Forbairt** | **Tuaslagáin haemaglóibin, iompróirí eile ocsaigine.** |
| *Príomhghnéithe* | Áirítear iad seo chun go mbeidh an plé iomlánach – déanann dhá chomhlacht, fós, tuaslagán haemaglóibin atá dóchúil, ach is an-deacair i gcónaí bealach a fháil chun an mhargaidh, agus tá an dul chun cinn ina údar díomá. Is deacair, freisin, ceadúnais a fháil do phearflúracarbóin. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Ní cosúil go mbeidh tionchar aige ar SFAÉ sna cúig bliana atá romhainn; níl siad imithe, áfach, agus b'fhiú iad a mheas ó am go chéile. |
| **Forbairt** | **Ar ionadaithe nó athsholáthairtí le haghaidh Pláitíní; Eireatrópóitin; Géinteiripí**. |
| *Príomhghnéithe* | Bhí tionchar áirithe ag Fachtóir VIIa ach ní laghdóidh sé an t-éileamh ar phláitíní. Níl aon táirge eile á fhorbairt faoi láthair.<br><br>Tig úsáid mhéadaithe a bhaint as eireatrópóitin le haghaidh othair mháinliachta agus ailse, agus beidh tionchar measartha aige sin ar an éileamh. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | D'fhéadfadh an géinteiripe ionad cobhsaí a bhaint amach do chóireáil Haemaifilia B laistigh de na cúig bliana romhainn – beidh tionchar geall le neamhníoch aige laistigh de SFAÉ. |

**Forbairtí Cógaiseolaíochta - Inmheánach**

| | |
|---|---|
| Forbairt | **Tharlódh sé go mbeidh éileamh ar chealla dearga níos úire ann d'othair atá i gcontúirt bháis; d'fhéadfadh sé leathnú chuig gach othar máinliachta le ham.** |
| *Príomhghnéithe* | Chuirfeadh sin brú nach beag ar an soláthar agus d'éileodh seo mórchlár forbartha lena fheidhmiú. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Indéanta, cinnte – tá staidéir beartaithe chun torthaí na n-othar a cóiréaladh le fuil níos óige a scrúdú le taobh othar a fuair fuil níos sine, agus seans go bhfuil siad ar siúl cheana. Is gá seo a choinneáil faoi athbhreithniú. |
| Forbairt | **Ba chóir go mbeadh pláitíní le dátaí níos fadtréimhsí ar fáil mar tháirge caighdeánach.** |
| *Príomhghnéithe* | Is cosúil go nglacfar le prótacail tástála bhaictéaracha dó seo – tá soláthar dó i dTreoir Fola an AE. Ba chóir go maolódh sé an brú ar sholáthar agus go laghdódh sé an líon a bhíonn as dáta. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | An-dóchúil laistigh de dhá mhí déag. |

## Cleachtas Cliniciúil

| | |
|---|---|
| **Forbairt** | **Forfheidhmiú Thuairisc an Ghrúpa um Fhorfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Fola.** |
| *Príomhghnéithe* | Clinicí réamhiontrála; aonad bainistíochta an stoic náisiúnta fola, an coiste náisiúnta fuilaistriúcháin, iniúchtaí cleachtais náisiúnta, forbairtí FT chun iad seo a chumasú. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Brathann seo ar thiomantas na Roinne Sláinte agus Leanaí agus mhuintir na n-ospidéal. B'fhéidir go n-éileodh sé seo bunú aonaid ar leith nó leathnú mór ar an ról haemafaireachais. Ní thig seo a dhéanamh go héifeachtach le hacmhainní reatha SFAÉ. |

## Rialálach

| | |
|---|---|
| **Forbairt** | **Forfheidhmiú riachtanas Threoracha fola an AE – 2002/98/AE agus treoracha bainteacha teicniúla.** |
| *Príomhghnéithe* | Beidh tionchar cuibheasach, ar a mhéid, aige seo laistigh de bhallaí SFAÉ, thar an bplé reatha atá againn le BMÉ agus an rialtas. Ach d'fhéadfadh feidhmiú na dtreoracha i leith mhuintir na n-ospidéal, agus an líon foirne a bheidh de dhíth ar an BMÉ lena bhfeidhmiú, acmhainní foirne SFAÉ a dhísciú. |
| *Amscála/ Céim Mhuiníne* | Is gá an cheist seo a mheas go gníomhach de réir mar a bhíonn cur chuige BMÉ á fhorbairt. |


## 3.1 Tástáil do vCJD

D'fhéadfadh tástáil le haghaidh vCJD a bheith ar fáil le linn an dá go cúig bliana romhainn. Tá modhanna ag dhá chomhlacht ar a laghad a d'fhéadfadh an íogaireacht agus an tsainiúlacht riachtanach a bhaint amach. Tá impleachtaí ollmhóra léi – bheadh tástáil na ndeontóirí don ghalar seo i bhfad níos éilithí ná mar a bhí tionscnamh na tástála do HIV fiche bliain ó shin. Bheadh acmhainní measartha de dhíth chun comhairliúchán réamhthástála a sholáthar, agus tástálacha dearfacha ina dhiaidh. Bheadh an-chuid oibre le déanamh chun teacht roimh an bhfíor-féidearthacht go ndiúltódh deontóirí glacadh leis an tástáil, agus go dtarlódh géarghanntanas fola dá thoradh.

Cuimseodh an réamhobair chuige tástáil deontóirí gan ainm chun forleithneacht an ghalair a bhunú, agus straitéisí a fhorbairt le haghaidh tástála cinntithe, má bhíonn scagthástáil dearfach ann.

Beidh cuid mhór díospóireachta de dhíth – bheimis ar ár gconlán féin cuid mhaith; bheadh tosca an-difriúla i gceist sa RA agus i SAM, agus i dtíortha mar an Fhrainc agus an Ísiltír, a bhfuil próifílí priacail acu mar a bhfuil againne, tá a mbunfhealsúnachtaí rud beag difriúil.

I dtéarmaí clár tógála, conarthaí soláthair agus leithdháileadh acmhainní, ní gá gníomhú faoi láthair, ar an gcuntar go n-ídeodh cinneadh go dtionscnófaí triail (cinneadh nach mbeadh i lámha SFAÉ, amháin) cuid mhór d'fhuinneamh na bainistíochta sinsearaí agus míochaine, thar thréimhse, dá mba rogha indéanta é, maraon leis na riachtanais a bhainfeadh le forfheidhmiú na teicneolaíochta féin.






# 03 Bunchuspóir, Struchtúr agus Cuspóirí Straitéiseacha

## 3.1 Ár mBunchuspóir

Tá SFAÉ tiomanta don fheabhas agus í ag freastal ar riachtanais na n-othar le gairmiúlacht na foirne agus flaithiúlacht na ndeontóirí

## 3.2 Collúin ár Straitéise

Feidhmeofar an straitéis seo trí phleananna gníomhaíochta a fhorbairt faoi cheithre cholún:

| | | |
|---|---|---|
| Colún a hAon | – | An comhshaol gnó a oiriúnú agus a athrú |
| Colún a Dó | – | Cáilíocht |
| Colún a Trí | – | Teicneolaíocht, Taighde |
| Colún a Ceathair | – | Forbairt na hEagraíochta |

## 3.3 Struchtúr SFAÉ

Tugann eagrú na hoibre agus na struchtúir bhainistíochta léiriú ar na croífheidhmeanna a bheidh á seachadadh go héifeachtach, éifeachtúil ag an bPlean Straitéiseach, leis an mbéim ar chroíghníomhartha, ar éascú cinnteoireachta níos fearr agus ar an gcumas glacadh go réidh le hathrú.

Lamhálann an struchtúr iniatacht ag na páirtithe leasmhara uile atá bainteach le forbairt SFAÉ agus le seachadadh cúraim othair níos fearr.

Cuimseoidh na Seirbhísí Míochaine, Altranais agus Deonacháin, cláir Thaighde agus Forbartha agus beidh siad freagrach as forfheidhmiú Colún a hAon.

Beidh an fhreagracht as forfheidhmiú spriocanna agus gníomhartha Chollún a Dó faoi fheidhm na Cáilíochta.

Déanfaidh na feidhmeanna Míochaine, Eolaíochta agus Soláthair spriocanna agus gníomhartha Cholún a Trí a fhorfheidhmiú, le cabhair Airgeadais agus Acmhainní Daonna.

Tiománfaidh feidhmeanna na nAD Clár Forbartha na hEagraíochta, lena chinntiú go mbeidh an caipiteal daonna is gá ag SFAÉ chun feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Cuirfear san áireamh cuíchláir an athraithe a fhorbairt, lena chinntiú go bhfanfaidh SFAÉ ar chomhchéim leis an domhan míochaine aistriúcháin, atá faoi shíorathrú.

## 3.4 Ár gCuspóirí Straitéiseacha

Laistigh de struchtúir na gceithre cholún, treoróidh na cuspóirí straitéiseacha a leanas ár ngníomhartha tosaíochta le linn saoil an Phlean Straitéisigh seo.

### Oiriúnú don Chomhshaol Athraitheach Gnó

**Cuirfear aithne ar SFAÉ mar sholáthróir ardchaighdeáin fola agus táirgí fola atá iontaofa,  a fheidhmíonn chun na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde agus a thugann luach ar airgead. Beidh forbairt agus bainistiú tráthúil déanta againn ar na bagairtí a nochtaítear laistigh den chomhshaol sláinte nua. Beidh íomhá poiblí forbartha againn a éileoidh iontaoibh agus dílse ó dheontóirí agus ónár ngairmithe cúraim sláinte.**

> Beidh slánról ag SFAÉ in athchóiriú na seirbhísí sláinte trí phlé díreach leis na páirtithe leasmhara.

> Forbróimid straitéis airgeadais a sheachadfaidh:

- Straitéis chuí praghsála,
- Clár caipitil a chuimseoidh aonad nua i gCorcaigh
- An fócas bainistíochta a athróidh ó bhainistiú costas go luach, agus

- Luach ar airgead le cabhair na bpríomhthiománaithe feidhmíochta.

> Leanfaimid ag cruthú comhshaoil chustaiméardhírithe agus sinn ag seachadadh seirbhísí chuig deontóirí, ospidéil, cliniceoirí agus othair.

> Beidh ról suntasach ag an bhfeachtais fógraíochta/cothaithe a bheidh againn i bhfothú an fhorais aistriúcháin mar bhranda a spreagann dílse i measc ár ndeontóirí.

### Cáilíocht

**Oibreoimid de réir córais cáilíochta náisiúnta amháin a chuirfear i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Léireofar cultúr cáilíochta i ngach gníomhaíocht/próiseas agus feidhm. Aithneofar sinn mar eagraíocht cháilíochtdírithe a bhfuil creidiúnú faighte aici de réir na gcaighdeán cuí.**

> De réir mar a leanfaimid ag forbairt na gcóras ráthaithe cáilíochta, cuirfimid le luach ár n-oibríochtaí agus soláthróimid cúram othair den chaighdeán is airde.

> Cothaímid cultúr ina ndéantar rudaí i gCeart an Chéad Uair, Gach Uair.

> Forbróimid ár scileanna agus cumais eagraíochta chun na seirbhísí dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara a fheabhsú ag gach leibhéal.

## Teicneolaíocht agus Taighde

**Rachaidh SFAÉ chun cinn ar luachdhréimire na míochaine aistriúcháin trí chomharchlár taighde a fhorbairt le comhpháirtithe acadúla/cógaisíochta agus idirnáisiúnta. Beidh SFAÉ ina n-oiriúnaitheoirí luatha i gcás na dteicneolaíochtaí a bheidh á nochtadh.**

> Tabharfaimid tosaíocht d'infheistíocht san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, a chuimseoidh athruithe próiseála, tástála agus dáilte fola agus comhpháirteanna fola, seirbhísí fíocháin agus táirgí fola.

> Forbróimid clár taighde gníomhach i gcomhar le scoileanna míochaine, comhlachtaí cógaisíochta agus Comhaontas Fola na hEorpa chun cur lenár gcleachtas reatha agus lenár gcumas i réimsí nua, d'fhonn tionscnaimh sa mhíochaine aistriúcháin a chur chun cinn.

> Úsáidfimid Teicneolaíochtaí na Cumarsáide Faisnéise (TCF) mar uirlis chumasaithe chun athrú a dhéanamh ar an tslí ina ndéanaimid gnó, agus déanfaimid é a chomhtháthú sa táirgeacht oibríochta.

## Forbairt na hEagraíochta

**Bainfidh SFAÉ a bunchuspóir amach le heagraíocht agus le timpeallacht oibre a mheallann na daoine is fiúntaí, a fhorbraíonn go hiomlán agus a thugann dúshlán ár mbuanna pearsanta, agus a spreagann tionscnamh aonair agus foireann-bhunaithe chun an eagraíocht a thiomáint ar aghaidh.**

> Cuirfidh na hathstruchtúir bhainistíochta ar chumas SFAÉ freagairt go tráthúil do na deiseanna agus do na bagairtí a nochtófar.

> Forbróimid cultúr a mbeidh an dearcadh seachtrach ag baint leis agus a thabharfaidh treoir níos fearr don phróiseas agus do na gnáthaimh inmheánacha.

> Spreagfaimid obair bhuíne trasna na ndisciplíní, na rannán agus na geograife, d'fhonn an comhtháthú is éifeachtaí smaointe agus iarrachtaí foirne a bhaint amach.

> Déanfaimid forbairt na ndaoine a uasmhéadú trí oiliúint agus chóitseáil faoina bhfuil á dhéanamh go maith acu agus faoi conas sin a fheabhsú.

> Forbróimid córais acmhainní daonna cumasbhunaithe, lena chinntiú go mbeidh daoine i SFAÉ leis an eolas, na scileanna agus an dearcadh ceart a chuirfidh ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh.

> Táimid tiomanta do mhodh an fhadhbréitigh agus na comhpháirtíochta chun bainistiú a dhéanamh ar shaincheisteanna, le cabhair tionscnamh ar nós na margála úsbhunaithe agus na dtorthaí ó shuirbhéanna aoráide.

> Cuirfimid eagraíocht ar fáil a thugann luach ar airgead agus a bhaineann leas éifeachtach as airgid phoiblí.



plean straitéiseach 05-09

# 04 Gníomhartha Straitéiseacha agus Táscairí Feidhmíochta

4.1 Colún a hAon
Oiriúnú don Chomhshaol
Athraitheach Gnó

## An Roinn Sláinte & Leanaí (RS&L)

> Feabhsaigh an gaol leis an RS&L trí pháirt níos mó a ghlacadh i bpróiseas na Pleanála Straitéisí;

**Táscaire Feidhmíochta:** socraigh cruinnithe ráitiúla leis an RS&L / Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn ar fhorfheidhmiú na straitéise agus ar fhorbairt don todhchaí.

> Urraigh maoiniú d'ionad nua i gCorcaigh

**Táscaire Feidhmíochta:** leanadh an Bord agus an Feidhmeannas dá n-iarrachtaí onnghníomhacha chun maoiniú a fháil d'ionad nua i gCorcaigh, i dtreo go mbeidh an tógáil go maith chun tosaigh le linn saolré an phlean seo.

> Forbair eiseamláir mhaoinithe a sheachadfaidh seirbhís aistriúcháin costas-éifeachtach;

**Táscaire Feidhmíochta:** déan comhaontú leis an RS&L faoin eiseamláir mhaoinithe – deireadh 2006.

> Cinntigh go bhfeidhmeoidh SFAÉ agus an RS&L go dlúth le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta trí Choimisiún an AE agus Chomhairle na hEorpa.

**Táscaire Feidhmíochta:** déan comhaontú leis an RS&L maidir le cearta ionadaíochta ar choistí cuí – deireadh 2005.

## FSS – Clár Athchóirithe Sláinte

> Bíodh SFAÉ páirteach ina aon chruinnithe, saotharlanna agus fóraim eile ina bhfuil Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte á phlé agus déanadh sí inchur sa phróiseas.

**Táscaire Feidhmíochta:** nuair a cheapfar PF don SFAÉ, iarr cruinniú chun ról SFAÉ a phlé. Tarlóidh seo faoi dheireadh 2005. Buail le Príomhfheidhmeannach Oifig Náisiúnta na nOspidéal chun réimsí comhleasa a phlé.

> Coinnigh FSS ar an eolas maidir le mórfhorbairtí i SFAÉ agus treochtaí idirnáisiúnta.

**Táscaire Feidhmíochta:** : ullmhaigh tuairisc ráithiúil don FSS.

## Freastal Deontóirí

> Is gá do SFAÉ taithí deonacháin a thabhairt a choinneoidh deontóirí.

**Táscaire Feidhmíochta:** Tar éis dúinn moltaí an Tasc-Ghrúpa a fhorfheidhmiú (tá súil leo i lár 2005), déanfaimid agallaimh fhágála le deontóirí chun a leibhéil sásaimh a thomhas agus céimeanna ceartúcháin a ghlacadh – go luath i 2006.

> Forbair feachtas margaíochta / tionscnaimh a mheallfaidh go leor deontóirí nua chun áit na ndaoine a eisiadh go buan a ghlacadh.

**Táscaire Feidhmíochta:** Gach mí cuirfidh an Stiúrthóir Oibríochta staitisticí ábhartha ar fáil chun léiriú a thabhairt ar aimsiú spriocanna sa réimse seo. Tosóidh sé i Meán Fómhair 2005.

### Airgeadúil

> Dear córas cuí buiséadaithe agus tuairiscthe a chuideoidh le seachadadh rathúil an phlean straitéisigh.

**Táscaire Feidhmíochta:** Nasc tuairiscí bainistíochta le réamhfhaisnéisí rollta agus príomhtháscairí feidhmíochta. Bhliain airgeadais 2006.

> Cothaigh tuiscint faoin mbonn costais atá againn agus faoi na himeachtaí a thiománann na costais seo.

**Táscaire Feidhmíochta:** Cuir beart costála obairbhunaithe i bhfeidhm ar fud rannóga na heagraíochta faoi dheireadh 2005.

> Forbair eiseamláir chuí thagarmharcála chun éifeacht na seirbhíse, seachadadh na seirbhíse agus a costaséifeacht a thomhas.

**Táscaire Feidhmíochta:** Ag baint úsáid as faisnéis a fuarthas ón mbeart costasaithe obairbhunaithe, déan tagarmharcáil chuí a fhorbairt roimh dheireadh 2006/2007.

## 4.2 Colún a Dó Cáilíocht

Ní mór do SFAÉ táirgí fola a mhonarú agus seirbhís a sholáthar ar shlí a chinntíonn go n-oireann na táirgí don úsáid a ceapadh dóibh, agus go mbeidh siad ag teacht leis na riachtanais a leagadh síos sa reachtaíocht nó sna treoirlínte bainteacha, agus nach gcuireann siad othair / deontóirí i mbaol.

Tá an bhainistíocht freagrach as an gcuspóir seo a bhaint amach i gcomhar le páirteachas agus tiomantas ó gach leibhéal den fhoireann uile i SFAÉ.

Chun an cuspóir seo a aimsiú go leanúnach, is gá an Córas Bainistíochta Cáilíochta (CBC) atá i bhfeidhm i SFAÉ a fhorfheidhmiú go cuimsitheach ar fud na heagraíochta.

Go bunúsach, is gá géilleadh do na riachtanais rialaithe chun fanacht i mbun gnó, ach tá sé práinneach, freisin, go mbeadh an CBC, trí chultúr feabhsúcháin leanúnaigh, páirteach i bhfeabhsú fheidhmíocht na heagraíochta.

### Rialúcháin

> Géilleadh don Treoir Fola agus do na Treoracha Fíocháin atá le teacht.

**Táscaire Feidhmíochta:** trí iniúchadh inmheánach sásúil agus trí chigireacht an Údaráis Inniúil.

> Treoracha eile a chomhlíonadh, mar shampla – Treoir Chogaisíochta GMP 91/356/CEE, an Treoir Dhiagnóiseach InVitro de réir mar a bhaineann siad le gnóthais SFAÉ.

**Táscaire Feidhmíochta:** trí iniúchtaí inmheánacha comhaill gach dara bliain agus trí chigireacht rialtóra sheachtraigh, de réir na Treorach.

### Luach agus Feabhsú Leanúnach

> Comhaontú ar shainaithint agus ar fhorfheidhmiú na gcuíchaighdeán bainistíochta cáilíochta i leith gnéithe éagsúla de ghnóthais SFAÉ.

**Táscaire Feidhmíochta:** forfheidhmiú agus gnóthú go rathúil an deimhnithe / creidiúnaithe den chaighdeán cuí roimh dheireadh 2006, tar éis na córais cháilíochta is fearr sa Tionscail a mheas.

- Trí Phrionsabail na Bainistíochta Cáilíochta a fheidhmiú ar fud gnóthas SFAÉ, páirt a ghlacadh i laghdú costas agus i mbainistiú priacal.

  **Táscaire Feidhmíochta:** : méadraicí cuí a cheapadh roimh dheireadh 2006 chun feabhsúcháin a thomhas agus éifeacht a mheas.

- SFAÉ a choinneáil ar an eolas maidir leis an gCleachtas Bainistíochta Cáilíochta is fearr, trí naisc a bhunú le heagraíochtaí den chineál céanna.

  **Táscaire Feidhmíochta:** SFAÉ a thagarmharcáil i leith seirbhísí inchomórtais. An beart seo a thosú le linn 2006 agus é a bheith mar chuid den athbhreithniú gnó leanúnach.

4.3 Colún a Trí Teicneolaíocht agus Taighde

## Eolaíocht & Teicneolaíocht

- Caiteachas SFAÉ ar thaighde agus ar fhorbairt

  **Táscaire Feidhmíochta:** réiteofar plean mionsonraithe taighde agus forbartha agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird é – deireadh 2005.

- An fhorbairt a fheabhsú d'fhonn tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha TCF – í a thomhas in aghaidh mheasúnú an bhunlíne ag SFAÉ sna réimsí seo, i 2004/2005.

  **Táscaire Feidhmíochta:** réiteofar plean gníomhaíochta agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird é lena fhaomhadh go luath i 2006.

## Clár Taighde

> Clár T&F (R&D) a bhunú a mbeidh clár agus maoiniú aontaithe ar fáil dó.

**Táscaire Feidhmíochta:** ebunaithe roimh dheireadh 2005.

> Cruthaigh cláir chomhair idir SFAÉ agus forais acadúla roghnaithe.

**Táscaire Feidhmíochta:** an chéad chomhaontú imlíneach aimsithe faoi dheireadh 2005.

> Tionchar na taighde agus an fhorbartha ar chleachtas laistigh de SFAÉ agus den Earnáil Sláinte, araon.

**Táscaire Feidhmíochta:** plean tionscadail iomlán agus faomhadh an Bhoird i bhfeidhm roimh dheireadh 2006.

## TCF mar uirlis chumasaithe

> TCF a chomhtháthú sa phleanáil agus san fhorfheidhmiú gnó.

**Táscaire Feidhmíochta:** cinnteoidh gach bainisteoir tionscadail go mbeidh TCF i gceist sna céadchéimeanna den phróiseas.

> TCF le feiceáil mar chomhpháirtí san obair chun seirbhís fuilaistriúcháin níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a aimsiú.

**Táscaire Feidhmíochta:** Socróidh TCF comhaontuithe ag leibhéal na seirbhíse le gach roinn i rith 2006.

> Forbair straitéis chun TCF a chomhtháthú sa phleanáil agus i bhfeidhmiú oibríochtaí SFAÉ.

**Táscaire Feidhmíochta:** an straitéis a bheith forbartha tar éis comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara – deireadh 2005.

### Rialaitheach

> Forfheidhmiú Treoir Fola an AE 2002/98/EC.

**Táscaire Feidhmíochta:** lánfheidhmiú na bhforálacha ábhartha i dTreoir an AE 2002/98/CE agus i dTreoracha bainteacha.

### Tástáil

> Tionscnaigh tástáil le haghaidh vCJD.

**Táscaire Feidhmíochta:** déan monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn teicniúil sa réimse.

> Tionscnaigh tástáil NAT aondeontóra chun galair nua a aimsiú de réir mar a tharlaíonn siad.

**Táscaire Feidhmíochta:** tuairiscigh don Choiste Comhairleach Míochaine (MAC) ar bhonn míosúil.

> An teicneolaíocht a úsáid chun tástáil NAT a chur faoi uathoibriú.

**Táscaire Feidhmíochta:** soláthraigh páipéir dhébhliantúla ar dhul chun cinn theicneolaíocht an "Bhosca Dhuibh" lámh ar láimh leis an timthriall buiséadach, agus ullmhaigh cás gnó chun é a thionscnamh nuair a bheidh an teicneolaíocht cobhsaí.

### Táirgeadh

> Feidhmigh déantús na gcomhpháirteanna róbatacha.

**Táscaire Feidhmíochta:** ag deireadh 2005 tabhair tuairisc ar an dul chun cinn chun dáta agus ar an obair is gá i 2006.

> Tionscnaigh aistriú Prian le linn 2005.

**Táscaire Feidhmíochta:** coinnigh teagmháil le comhlachtaí a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus déan tagarmharcáil leanúnach leis an RA agus le húdaráis eile.

## Bailiú Fola

> Freastail ar na héilimh trí bhailiúchán breise a dhéanamh de phláitíní trí afaraíseas.

**Táscaire Feidhmíochta:** Athbhreithnigh an fheidhmíocht agus an beartas sa dá ionad ar bhonn rialta.

## Forbairtí Cógaisíochta

> Táirgeadh cealla dearga níos úire le haghaidh na n-othar atá i mbaol báis.

**Táscaire Feidhmíochta:** taighde le déanamh sa dá bhliain atá romhainn chun an cur chuige a ullmhú.

> Cuir fad le saolré pláitíní.

**Táscaire Feidhmíochta:** tástáil bhaictéireach tionscanta ag deireadh 2004 agus prótacal na bpláitíní 7 lá le feidhmiú i 2005.

## Cleachtas Cliniciúil

> Tuarascáil Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Fola.

**Táscaire Feidhmíochta:** pléigh moltaí na tuarascála leis an RS&L agus le comhlachtaí ábhartha eile. Is tosaíocht againn bunú Choiste Náisiúnta Aistriúcháin.

4.4 Colún a Ceathar Forbairt na hEagraíochta

## Struchtúr

> Athbhreithnigh struchtúir inmheánacha na heagraíochta lena chinntiú go mbeidh siad ag teacht oiread agus is féidir lenár Straitéis nua, agus feidhmigh na hathruithe is gá.

**Táscaire Feidhmíochta:** Struchtúr nua curtha i bhfeidhm agus curtha in iúl go héifeachtach i Nollaig 2004; le hathbhreithniú ag deireadh 2005.

> Athbhreithnigh gach gné den obair fheabhsúcháin maidir le seachadadh seirbhíse agus aimsigh luach ar airgead.

**Táscaire Feidhmíochta:** Iarrfar ar an mbainistíocht uile a réimsí a mheasúnú agus pleananna a sholáthar do sheirbhísí feabhsaithe. Athbhreithnithe le bheith críochnaithe agus curtha faoi bhráid na Bainistíochta Sinsearaí faoin dáta comhaontaithe.

> Doimhnigh an t-athrú agus an nuachóiriú trí na cleachtais is fearr in eagraíochtaí idirnáisiúnta cosúla a thagarmharcáil agus, trí fhoirne trasfheidhmiúla, cuir saincheisteanna chun cinn maidir le Míochaine, Cáilíocht, Seirbhís Chustaiméara, Bainistiú Acmhainní Daonna, Bainistiú Airgeadais agus Córais Faisnéise.

**Táscaire Feidhmíochta:** Foirne ceaptha i 2005, ag tuairisciú don Ghrúpa Bainistíochta gach bliain.

> Lean ag forbairt, ag feidhmiú agus ag idirbheartú athruithe dár saortharlanna.

**Táscaire Feidhmíochta:** Comhaontú leis an gCumann a dhéanann ionadaíocht don fhoireann agus forfheidhmiú na dtorthaí faoi Mheitheamh 2005.

### Bainistiú Acmhainní Daonna

> Lean ag forbairt agus ag feidhmiú Athbhreithniú agus Straitéis na nAcmhainní Daonna.

**Táscaire Feidhmíochta:** Tuairisc ullamh ag tús 2005 ar an dul chun cinn ag deireadh 2004 agus pleananna gníomhaíochta forbartha agus faofa ag an nGrúpa Athbhreithnithe Gnó.

> Lean ag dearadh agus ag aimsiú comhaontaithe ar fhorfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta Feidhmíochta, d’fhonn inniúlachtaí agus feidhmíocht na heagraíochta agus na foirne a fheabhsú.

**Táscaire Feidhmíochta:** Comhaontú bainte amach ar dhearadh an chórais agus ar phlean tionscadail soiléir lena fheidhmiú, roimh Shamhain 2004. An bhainistíocht shinsearach leis an gclár a phíolótú go luath i 2005 agus lánrolladh amach a bheith ar fáil do gach fostaí i 2005 agus 2006.

> Tar éis anailís a dhéanamh ar riachtanais oiliúna na heagraíochta, cuir oiliúint agus forbairt shainiúil ar fáil, ag díriú ar riachtanais theicniúla agus forbartha daoine aonair agus catagóirí foirne; ag úsáid na réitigh is costaséifeachtaí.

**Táscaire Feidhmíochta:** An dámhachtain, Feabhas i nDaoine, a bhaint amach go rathúil faoi dheireadh 2006, agus acmhainní a leithdháileadh ar bhonn céatadáin den phárolla.

> Ag cur lenár gclár gnó comhionannais trí ghníomhaíocht  níos dearfaí.

**Táscaire Feidhmíochta:** Leanúint ag forbairt beartas chun breis pháirteachais a chinntiú do dhaoine faoi mhíbhuntáiste agus iniúchadh a dhéanamh a ligfidh dúinn tuiscint a fháil ar conas is féidir seo a bhaint amach. Le críochnú faoi dheireadh 2005, agus tuairisc a sholáthar don Bhord.

> Ár modhanna earcaíochta agus roghnaithe a fhorbairt a thuilleadh chun a chinntiú go sásóimid na riachtanais ghnó, leis na daoine cuí sna poist chearta ag an am ceart.

**Táscaire Feidhmíochta:** Plean earcaíochta bliantúil a fhorbairt, a bheidh nasctha leis an bpróiseas buiséadaithe agus a chlúdóidh gach forbartha beartaithe. Tosóidh seo i bhFómhar 2005. Ceapfar pleananna do gach comórtas agus léireofar gach céim le dátaí sainiúla.

> Forbair idirghabhálacha na Bainistíochta Forbartha lena chinntiú go mbeidh na cumais chuí ag na bainisteoirí uile chun a gcuspóirí aontaithe agus a bplean straitéiseach a sheachadadh.

**Táscaire Feidhmíochta:** Lánanailís riachtanas le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2005, agus mionpleananna forbartha i bhfeidhm i 2005 agus ina dhiaidh, a bheidh dírithe ar na riachtanais is práinní.

> Forbairt leanúnach ar chlár gnó le haghaidh Caidrimh le Fostaithe.

**Táscaire Feidhmíochta:** Cruthú Straitéise le haghaidh Caidrimh le Fostaithe a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2005 agus plean gníomhaíochta mionsonraithe ar fáil.

> Le cabhair Ghrúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta, cothaigh caidreamh leasaithe leis an bhfoireann ar na príomhcheisteanna i dtaobh phróiseas an athraithe agus an fheabhsaithe.

**Táscaire Feidhmíochta:** Úsáid níos iondúla a bhaint as margáil leasbhunaithe chun athruithe a réiteach. Léireoidh líon na gcruinnithe a bheidh ag an PSG agus na ceisteanna a bpléifear leo, an dul chun cinn sa réimse tábhachtach seo.

## Cultúr

- Cruthaigh cultúr leasaithe feidhmíochta agus oiriúnaithe.

  **Táscaire Feidhmíochta:** Córas Bainistíochta Feidhmíochta a úsáid a chuimsíonn cuspóirí a léiríonn meas ar gach comhpháirt agus cleachtas tábhachtach a oireann don chomhthéacs gnó. Tuairiscí bliantúla ó gach roinn chun seo a léiriú.

- Forbair luachanna don eagraíocht agus forfheidhmigh iad le cabhair ancairí iompair agus praiticiúla.

  **Táscaire Feidhmíochta:** Bunófar iad seo agus cuirfear in iúl iad trí Ghrúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta agus ceapfar pleananna chun monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeacht. É a bheith críochnaithe faoi lár 2006, le hathbhreithnithe bliantúla.

- Gníomhartha na hArd-Bhainistíochta.

  **Táscaire Feidhmíochta:** Déanann an bhainistíocht difreáil shoiléir idir luachanna agus iompair oiriúnaithe agus léiríonn sí tiomantas láidir dóibh trí dhea-shampla a thabhairt, na luachanna agus na hiompair a chur in iúl go comhsheasmhach, gan sotal daoine eile a fhulaingt agus trína athaibhsiú go bhfuilimid ann chun freastal ar dhaoine a thugann fuil agus orthusan a bhfuil sí de dhíth orthu.

- Sainaithin na réimsí a mbeadh tionchar acu in aghaidh cultúir fheidhmíocht-leasaithe a bhaint amach don eagraíocht agus gníomhaigh chun iad seo a neamhniú.

  **Táscaire Feidhmíochta:** Suirbhé a dhéanamh ar thuairimí fostaithe, torthaí a bhailíochtú agus pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. Déanfar iad seo roimh Mhárta 2005 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin.

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann


| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An Lárionad Náisiúnta Fola, | Teileafón | 01 4322800 | Gréasán | www.ibts.ie |
| Sráid Shéamais | Facs | 01 4322930 | Aertel | lch691 |
| Baile Átha Cliath 8 Éire | Rphost | info@ibts.ie | Eolaslíne Deontóra | 1850 73 11 37 |


DESIGN DANIEL O BRIEN T 041 988 4154